Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

2024/0035(COD)

5.3.2025

TUAIRIM

ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

chuig an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí, teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle (athmhúnlú)
(COM(2024)0060 – C9-0028/2024 – 2024/0035(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Heléne Fritzon

PA_Legam

RÉASÚNÚ GEARR

An 6 Feabhra 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a thogra reachtach le haghaidh athmhúnlú ar Threoir 2011/93/AE maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chomhrac, chomh maith le hábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí, a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle. Is é is aidhm don togra seo an dlí coiriúil a chomhchuibhiú ar fud an Aontais trí aghaidh a thabhairt ar choireanna amhail ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí, mealltóireacht, ionsaí gnéasach agus éigniú. Leis an treoir, féachtar freisin le bearta láidre a leagan síos chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath agus a thuairisciú, na coireanna sin a chosc, agus tacú le híospartaigh.

Is saincheist í mí-úsáid ghnéasach leanaí atá ag dul i méid ar líne agus as líne araon. In 2023 amháin, bhí 1.3 milliún tuairisc ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí san Aontas, a raibh os cionn 3.4 milliún íomhá agus físeán i gceist leis. Ar bhonn domhanda, tá méadú tagtha ar líon na dtuairiscí ó 1 mhilliún in 2010 go beagnach 35.9 milliún in 2023, lena n-áirítear 105.6 milliún íomhá agus físeán. Cúis mhór imní is ea gur cailíní iad naonúr as deichniúr de na híospartaigh, de réir shonraí INHOPE. Is san Aontas a leantar d'fhormhór an ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí a óstáil ar fud an domhain, agus 59 % den ábhar sin á óstáil sna Ballstáit, de réir na Fondúireachta Internet Watch.

Tugtar chun suntais sa togra an gá atá le haghaidh a thabhairt ar mhí-úsáid ardán digiteach a úsáidtear chun ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí agus mealltóireacht a dháileadh. Díríonn na coireanna sin ar chailíní agus ar mhná óga den chuid is mó agus is iad na fir an tromlach de dhéantóirí na gcoireanna. Leagann an Rapóirtéir béim ar a ríthábhachtaí atá sé mí-úsáid ghnéasach leanaí a shainaithint mar chineál foréigin inscnebhunaithe agus cineálacha cur chuige inscne-shonracha a ionchorprú chun na coireanna sin a chomhrac go héifeachtach.

Molann an Rapóirtéir leasuithe a dhéanamh ar bhearta coisctheacha trí fheachtais feasachta spriocdhírithe de réir aoise agus inscne. Agus béim á leagan ar an bprionsabal gurb é atá i dtoiliú ná 'tá'ar bhonn sainráite agus feasach agus ar an mbonn sin amháin, ní mór a áirithiú leis an treoir go mbeidh toiliú lárnach do gach beart coisctheach agus tacaíochta. Ní mór don tacaíocht d'íospartaigh agus do mharthanóirí a bheith speisialaithe agus ní mór gné chomhtháite inscne a bheith ar áireamh inti. Chuige sin, tacaítear go láidir le Lárionad an Aontais a chruthú, in éineacht le Bord Comhairleach a bhunú ar a mbeidh marthanóirí agus saineolaithe ar chearta leanaí. Sholáthródh an bord sin treoir maidir le cearta leanaí, straitéisí um chosc, agus tacaíocht d'íospartaigh do struchtúir rialachais Lárionad an Aontais.

Ar deireadh, creideann an Rapóirtéir go bhféadfadh an Treoir seo difríocht shuntasach a dhéanamh maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chomhrac i gcás gach linbh. Leis an bhfás easpónantúil sin ar scaipeadh ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí, leagtar béim ar an bpráinn a bhaineann le reachtaíocht nuashonraithe.

LEASÚ

Déanann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne na leasuithe seo a

leanas a chur faoi bhráid an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, mar an coiste atá freagrach:

Leasú 1

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) Tá sé léirithe sa taighde nach amháin go bhfuil sé ríthábhachtach scaipeadh ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí a theorannú chun athíospairt atá nasctha le cúrsaíocht íomhánna agus físeán den mhí-úsáid a sheachaint ach go bhfuil sé bunriachtanach freisin mar chineál coiscthe ar thaobh an chiontóra, ós rud é gur minic gurb é rochtain a fháil ar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí an chéad chéim i dtreo mí-úsáid phraiticiúil, gan beann ar an léirítear fiormhí-úsáid agus fiortheacht i dtír nó mí-úsáid agus teacht i dtír a bhfuil cuma réalaíoch orthu ann. Tá coinne leis go dtiocfaidh fás as cuimse ar fhorbairt leanúnach na bhfeidhmchlár intleachta saorga atá in ann íomhánna réalaíocha a chruthú nach féidir a idirdhealú ó fhíoríomhánna, líon na n-íomhánna agus na bhfíseán ar a dtugtar íomhánna agus físeáin ‘dhomhainbhrionnúcháin’ ina léirítear mí-úsáid ghnéasach leanaí sna blianta amach romhainn. Ina theannta sin, ní chumhdaítear go hiomlán leis an sainmhíniú atá ann cheana forbairt timpeallachtaí réaltachta breisithe, réaltachta leathnaithe agus réaltachta fiorúla a bhaineann úsáid as abhatáir lena n-áirítear aisfhotha céadfach, e.g. trí ghléasanna lenar féidir teagmháil a bhrath. Le tagairt shainráite do ‘macasamhlacha agus léirithe’, ba cheart a áirithiú go gcumhdaítear leis an sainmhíniú ar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí iad sin agus forbairtí teicneolaíocha a thiocfaidh chun cinn amach anseo ar bhealach atá neodrach go leor ó thaobh na teicneolaíochta de	(11) ***Tá gné láidir inscne ag baint le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí, a dhéanann difear díréireach do chailíní, agus a cháilíonn, dá bhrí sin, mar chineál foircneach foréigin inscnebhunaithe. Is cailíní iad formhór mór na n-íospartach a léirítear in ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí agus a bhfuil ró-ionadaíocht shuntasach acu i gcásanna sirtheoireachta leanaí. I gcodarsnacht leis sin, is fir iad formhór de dhéantóirí na gcoireanna. Tugtar le fios i dtuarascálacha gur cailíní óga iad naonúr as deichniúr íospartach[1a].*** Tá sé léirithe sa taighde nach amháin go bhfuil sé ríthábhachtach scaipeadh ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí a theorannú chun athíospairt atá nasctha le cúrsaíocht íomhánna agus físeán den mhí-úsáid a sheachaint ach go bhfuil sé bunriachtanach freisin mar chineál coiscthe ar thaobh an chiontóra, ós rud é gur minic gurb é rochtain a fháil ar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí an chéad chéim i dtreo mí-úsáid phraiticiúil, gan beann ar an léirítear fiormhí-úsáid agus fiortheacht i dtír nó mí-úsáid agus teacht i dtír a bhfuil cuma réalaíoch orthu ann. ***Mar thoradh ar úsáid teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, amhail IS, Réaltacht Fhíorúil (VR), Réaltacht Leathnaithe (XR), ábhair dhomhainbhrionnúcháin nó uirlisí nochtaithe eile, cruthaítear agus scaiptear ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí neamhfhírinneach, agus is minic a dhírítear go díréireach ar chailíní. Mar gheall ar a éasca atá sé teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a úsáid agus an***

agus, dá bhrí sin, a sheasfaidh an aimsir.

saineolas teicniúil íosta is gá chun an t-ábhar sin a ghiniúint fiú ar scála tionsclaíoch, is mó an phráinn a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin. Is minic a bhaintear mí-úsáid as na teicneolaíochtaí sin le haghaidh cionta gnéasacha in aghaidh leanaí sna meáin shóisialta, i líonrú, i gcomhthéacsanna cluichíochta ar líne agus i bhfeidhmchláir a ghintear leis an intleacht shaorga atá ceaptha chun leanaí a spreagadh agus rioscaí a mhéadú amhail sirtheoireacht, mealltóireacht, nochtadh d'ábhar díobhálach, agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí nó mí-úsáid ghnéasach leanaí. Thairis sin, tá coinne leis go dtiocfaidh fás as cuimse ar fhorbairt leanúnach na bhfeidhmchlár intleachta saorga atá in ann íomhánna réalaíocha a chruthú nach féidir a idirdhealú ó fhíoríomhánna, líon na n-íomhánna agus na bhfíseán ar a dtugtar íomhánna agus físeáin 'domhainbhrionnúcháin' ina léirítear mí-úsáid ghnéasach leanaí sna blianta amach romhainn. Ina theannta sin, ní chumhdaítear go hiomlán leis an sainmhíniú atá ann cheana an fhorbairt ar shocruithe réaltachta breisithe, réaltachta leathnaithe agus réaltachta fíorúla lena mbaintear úsáid as abhatáir lena n-áirítear aisfhreagairt chéadfach, e.g. trí ghléasanna lenar féidir teagmháil a bhrath. ***Ina theannta sin, léiríodh go ngineann claontachtaí i gcórais intleachta saorga íomhánna dúshaothraithe de chailíní go díréireach, rud a léiríonn agus a mhéadaíonn formhór mór an ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí atá ann cheana. Dá bhrí sin, ba cheart a chur san áireamh go bhfuil baol ann go gcuirfidh úsáid na hintleachta saorga chun ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a ghiniúint le híospairt dhíréireach grúpaí áirithe, amhail cailíní.*** Le tagairt shainráite do 'macasamhlacha agus léirithe', ba cheart a áirithiú go gcumhdaítear leis an sainmhíniú ar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí iad sin agus forbairtí teicneolaíocha a thiocfaidh chun cinn amach anseo ar bhealach atá neodrach

go leor ó thaobh na teicneolaíochta de agus, dá bhrí sin, a sheasfaidh an aimsir.

[1a] ***Tuarascáil Bhliantúil 2023 INHOPE https://www.inhope.org/EN/articles/inhope-annual-report-2023***

Leasú 2

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 11 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	***(11a) Tá leanaí ó aois óg nasctha leis an idirlíon ar bhonn méadaitheach agus tá cailíní an-leochaileach go dtarlóidh cibearfhoréigean dóibh agus go ndéanfar cibearfhoréigean orthu. Léirítear i staidéir gur fhulaing bean amháin as gach deichniúr cibearfhoréigean inscnebhunaithe de chineál éigin ó bhí siad 15 bliana d'aois[1a], agus thuairiscigh 58 % de chailíní gur fhulaing siad ciapadh ar líne[1b]. D'fhulaing triúr as gach cúigear cailíní díobháil ghnéasach amháin ar líne ar a laghad, agus tá baol níos airde ann go bhfulaingeoidh leanaí LGBTIQ+ díobháil ghnéasach ar líne. Tá foréigean gnéasach ar líne, lena n-áirítear ciapadh gnéasach, mí-úsáid agus mealltóireacht ag leibhéal nach bhfacthas a leithéid riamh cheana. Tá cailíní níos neamhchosanta go díréireach ar chomhéigean gnéis atá gnéas-spreagtha, agus is mó a scaiptear ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí ina léirítear cailíní, agus déantar iad a thrádáil i measc ciontóirí, rud a chuireann leis na steiréitíopaí agus na neamhionannais bhunúsacha inscne agus shóisialta a bhuanaíonn na mí-úsáidí sin. Is cailíní óga go formhór a léirítear maidir le dáileadh íomhá neamh-chomhthoiliúil, rud a chuireann tráma ollmhór orthu agus a d'fhéadfadh eipeasóidí féindochair a bheith mar thoradh air freisin. Tá sé ríthábhachtach**

gné na hinscne a chomhtháthú i ngach beart atá ceaptha mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac agus sirtheoireacht leanaí ar líne a idircheapadh, agus aghaidh á tabhairt ar bhunchúiseanna an fhoréigin inscnebhunaithe, agus á áirithiú go ndéanfaidh ardáin dhigiteacha bearta láidre a ionchorprú, lena n-áirítear achtanna ábhartha um chearta an duine nó reachtaíocht a rinneadh le déanaí maidir le foréigean in aghaidh na mban, lena n-áirítear cibearfhoréigean, agus foréigean inscnebhunaithe agus cibearfhoréigean á gcomhrac, chun úsáideoirí leochaileacha a chosaint agus aghaidh á tabhairt ar na rioscaí sistéamacha agus díréireacha a bhíonn os comhair na gcailíní agus na mban.

[1a] Páipéar EIGE maidir leis an gcibearfhoréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní https://eige.europa.eu/newsroom/news/cyber-violence-growing-threat-especially-women-and-girls?

[1b] Tuarascáil 2023 GREVIO https://www.coe.int/en/web/cyberviolence/cyberviolence-against-women

Leasú 3

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 11 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(11b) Ba cheart aghaidh a thabhairt ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí neamhthuairiscithe, arb ionann iad agus formhór na gcásanna. Tarlaíonn mí-úsáid ghnéasach leanaí i suíomhanna teaghlaigh freisin ina bhfuil foréigean teaghlaigh forleathan agus, dá bhrí sin, tá sé deacair é a shainaithint agus a

	thuairisciú. Leis sin, tugtar chun suntais an gá atá le reachtaíocht lena dtugtar cosaint agus tacaíocht, agus lena soláthraítear sásamh cuimsitheach, d'íospartaigh agus do mharthanóirí, gan beann ar imeachtaí coiriúla a bheith ann. Tá creat institiúideach leordhóthanach riachtanach chun cearta an linbh a ráthú. I ndáil leis sin, ba cheart creat dlíthiúil a sholáthar leis an Treoir seo chun sásraí comhchuibhithe a bhunú maidir le cosc, sainaithint, cosaint, tuairisciú agus cúiteamh chun freagairt chuimsitheach agus éifeachtach ar na cionta sin a áirithiú.

Leasú 4

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 11 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(11c) Is féidir mí-úsáid ghnéasach leanaí a dhéanamh níos measa i gcás ina dtarlaíonn sé in éineacht le hidirdhealú bunaithe ar theaglaim de ghnéas, inscne agus d'aon fhoras nó forais eile idirdhealaithe dá dtagraítear in Airteagal 21 den Chairt, eadhon cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó claonadh gnéasach ('idirdhealú trasnach'). Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit aird chuí a thabhairt ar íospartaigh a ndéanann an t-idirdhealú trasnach sin difear dóibh trí bhearta sonracha a dhéanamh chun an leibhéal méadaithe riosca sin a chur san áireamh agus na bearta dá bhforáiltear sa Treoir seo á gcur chun feidhme.

Leasú 5

Togra le haghaidh Treorach

Aithris 11 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(11d) Tá leanaí faoi mhíchumas an-leochaileach i leith mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach, go háirithe ginmhilleadh éigeantach, steiriliú éigeantach agus foréigean gnéasach. Mar pháirtí i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD), tá an tAontas faoi cheangal ag oibleagáidí CRPD freisin maidir le leanaí faoi mhíchumas a chosaint ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí. Thairis sin, d'fhéadfadh míchumas i leanaí a bheith mar thoradh ar mhí-úsáid ghnéasach agus ar theacht i dtír gnéasach, rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá bhforbairt sa saol.

Leasú 6

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 11 e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(11e) Tá foréigean, mí-úsáid agus faillí in aghaidh leanaí níos forleithne i suíomhanna institiúideacha. Tá leanaí i ndílleachtaí i mbaol foréigin go háirithe, lena n-áirítear mí-úsáid ó bhéal, bascadh agus céasadh fisiciúil, mí-úsáid ghnéasach lena n-áirítear éigniú, agus díobháil shíceolaíoch lena n-áirítear leithlisiú, ciapadh agus disciplín uirídslithe[1a].
	[1a] https://www.hopeandhomes.org/why-it-matters/how-orphanages-harm-children/

Leasú 7

Togra le haghaidh Treorach

Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) Chun cionta a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc, ba cheart ***'lámhleabhair péidifileach',*** mar a thugtar orthu***, a áireamh sa sainmhíniú ar*** ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí. Cuireann lámhleabhair ***péidifileach*** comhairle ar fáil maidir le conas leanaí a aimsiú, conas mealltóireacht agus mí-úsáid a dhéanamh orthu agus conas a sheachaint go ndéanfaí an ciontóir a aithint agus a ionchúiseamh. Trí bhacainní a ísliú agus an fios gnó is gá a sholáthar, cuidíonn siad le ciontóirí a ghríosú agus tacaíonn siad le mí-úsáid ghnéasach. Mar thoradh ar a scaipeadh ar líne, tá Ballstáit áirithe tar éis a ndlí coiriúil a leasú agus seilbh agus dáileadh lámhleabhar den sórt sin a choiriúlú go sainráite. Mar gheall ar an easpa comhchuibhithe, tá leibhéal míchothrom cosanta ann ar fud an Aontais.	(12) Chun cionta a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc, ba cheart ***a shainiú leis an Treoir seo na lámhleabhair treoracha mí-úsáide gnéasaí leanaí,*** mar a thugtar orthu***, agus aghaidh a thabhairt orthu freisin.*** Cuireann lámhleabhair ***treoracha*** comhairle ar fáil maidir le conas leanaí a aimsiú, conas mealltóireacht agus mí-úsáid a dhéanamh orthu agus conas a sheachaint go ndéanfaí an ciontóir a aithint agus a ionchúiseamh***. Agus iad dírithe go sainráite agus go sonrach ar conas mí-úsáid ghnéasach leanaí a dhéanamh gan a bheith gafa, is féidir na lámhleabhair treoracha sin a idirdhealú go soiléir ó chomhairle ghinearálta maidir le, inter alia, príobháideachas, anaithnideacht ar líne agus faireachas a sheachaint, rud nár cheart a choiriúlú***. Trí bhacainní a ísliú agus an fios gnó is gá a sholáthar, cuidíonn siad le ciontóirí a ghríosú agus tacaíonn siad le mí-úsáid ghnéasach. Mar thoradh ar a scaipeadh ar líne, tá Ballstáit áirithe tar éis a ndlí coiriúil a leasú agus seilbh agus dáileadh lámhleabhar den sórt sin a choiriúlú go sainráite. Mar gheall ar an easpa comhchuibhithe, tá leibhéal míchothrom cosanta ann ar fud an Aontais.

Leasú 8

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 22

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(22) Is bagairt a bhfuil gnéithe sonracha ag gabháil léi atá i sirtheoireacht leanaí chun críoch gnéasach i gcomhthéacs an Idirlín, ós rud é go dtugtar anaithnideacht nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe d'úsáideoirí leis an Idirlíon, toisc gur féidir leo a bhfíorchéannacht agus a dtréithe	(22) Is bagairt a bhfuil gnéithe sonracha ag gabháil léi atá i sirtheoireacht leanaí chun críoch gnéasach i gcomhthéacs an Idirlín, ós rud é go dtugtar anaithnideacht nach bhfacthas a leithéid riamh cheana d'úsáideoirí leis an Idirlíon, toisc gur féidir leo a bhfíorchéannacht agus a dtréithe

pearsanta, amhail a n-aois, a cheilt. Le deich mbliana anuas, le húsáid teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, tá rochtain níos éasca ag ciontóirí ar leanaí, agus is minic a thosaítear an teagmháil nuair a mheallann an ciontóir an leanbh chuig cora míchuibhiúla, mar shampla trí ligean air gur piaraí é nó trí iompar eile dallamullógach nó moltach. Mar thoradh ar an rochtain mhéadaithe sin ar leanaí tá fás tapa tagtha ar fheiniméin amhail ‘comhéigean gnéis’ (i.e. an bhagairt ábhar dlúthphearsanta ina léirítear an t-íospartach a chomhroinnt chun airgead, ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí nó aon tairbhe eile a fháil), rud a dhéanann difear do leanaí faoin aois toilithe gnéis agus os a cionn. Tá borradh tagtha le blianta beaga anuas ar chomhéigean gnéis a bhfuil cúiseanna airgid mar bhunús leis arna dhéanamh ag grúpaí coireachta eagraithe a dhíríonn go háirithe ar bhuachaillí sna déaga, agus mar thoradh air sin chuir go leor de na leanaí sin lámh ina mbás féin. Dá bhrí sin tá sé ríthábhachtach go gcumhdófaí na feiniméin sin go léir go hiomchuí i ndlí na mBallstát. An tráth céanna, aithníonn na Ballstáit an tábhacht a bhaineann le sirtheoireacht linbh lasmuigh de chomhthéacs an Idirlín a chomhrac, go háirithe i gcás nach ndéantar an tsirtheoireacht sin trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide. Maidir leis an iompar i gcás ina ndéantar sirtheoireacht linbh i láthair an linbh nó i ngaireacht dó chun go mbuailfeadh sé leis an gciontóir chun críoch gnéasach, mar shampla i bhfoirm chion ullmhaitheach ar leith, i bhfoirm iarracht na cionta dá dtagraítear sa Treoir seo a dhéanamh nó i bhfoirm ar leith den mhí-úsáid ghnéasach, iarrtar ar na Ballstáit an t-iompar sin a choiriúlú. Cibé acu réiteach dlíthiúil a roghnófar chun ‘mealltóireacht as líne’ a choiriúlú, ba cheart do na Ballstáit déantóirí na gcionta sin a ionchúiseamh.

pearsanta, amhail a n-aois, a cheilt. Le 10 mbliana anuas, le húsáid teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, tá rochtain níos éasca ag ciontóirí ar leanaí, agus is minic a thosaítear an teagmháil nuair a mheallann an ciontóir an leanbh isteach i gcás míchuibhiúil, mar shampla trí ligean air gur piaraí é nó trí iompar eile atá dallamullógach nó moltach. Mar thoradh ar an rochtain mhéadaithe sin ar leanaí tá fás mear tagtha ar fheiniméin amhail ‘comhéigean gnéis’ (i.e. iompar ina mbagraítear go ndéanfar ábhar dlúthphearsanta ina léirítear an t-íospartach a chomhroinnt chun airgead, ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí nó aon tairbhe eile a fháil), rud a dhéanann difear do leanaí atá faoin aois toilithe gnéis agus os a cionn araon. Tá borradh tagtha le blianta beaga anuas ar chomhéigean gnéis a bhfuil cúiseanna airgid mar bhunús leis arna dhéanamh ag grúpaí coireachta eagraithe a dhíríonn go háirithe ar bhuachaillí atá sna déaga, agus mar thoradh air sin gur chuir go leor de na leanaí sin lámh ina mbás féin. Dá bhrí sin tá sé ríthábhachtach go gcumhdófaí na feiniméin sin go léir go hiomchuí i ndlí na mBallstát. An tráth céanna, aithníonn na Ballstáit an tábhacht a bhaineann le sirtheoireacht linbh lasmuigh de chomhthéacs an Idirlín a chomhrac, go háirithe i gcás nach ndéantar an tsirtheoireacht sin trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide. Maidir leis an iompar i gcás ina ndéantar sirtheoireacht linbh i láthair an linbh nó i ngaireacht dó chun go mbuailfeadh sé leis an gciontóir chun críoch gnéasach, mar shampla i bhfoirm cion ullmhaitheach ar leith, in iarracht na cionta dá dtagraítear sa Treoir seo a dhéanamh nó i bhfoirm ar leith de mhí-úsáid ghnéasach, iarrtar ar na Ballstáit an t-iompar sin a choiriúlú. Cibé acu réiteach dlíthiúil a roghnófar chun ‘mealltóireacht as líne’ a choiriúlú, ba cheart do na Ballstáit déantóirí na gcionta sin a ionchúiseamh. ***Áirítear leis sin aon iompar atá dírithe ar chaidreamh muiníne a chothú le leanbh chun críche mí-úsáide***

gnéasaí leanaí agus teacht i dtír ghnéasaigh, amhail ionramháil, plámás, treoracha a eisiúint trí ghlaonna teileafóin nó modhanna digiteacha a úsáid chun an leanbh a chomhéigniú nó a mhealladh isteach i gcás a bheadh dochrach don leanbh. Ba cheart déantóirí coire a dhéanann leanaí a chomhéigniú nó a chúbláil d'fhonn cionta a dhéanamh faoin Treoir seo, a thabhairt chun cuntais agus a bheith faoi réir ionchúisimh faoin Treoir seo. Is riosca níos measa é mealltóireacht do leanaí ag a bhfuil leochaileachtaí, amhail iad siúd ag a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte, féinmheas íseal, streachailt lena bhféiniúlacht inscne, nó do leanaí a ndéantar bulaíocht orthu, atá scoite amach ar scoil, agus iad siúd ag a bhfuil fadhbanna teaghlaigh, nó ag a bhfuil taithí ar mhí-úsáid roimhe seo, lena n-áirítear foréigean teaghlaigh nó mí-úsáid ghnéasach[1a].

1a

https://cesie.org/en/resources/cesagram-report-grooming-missing-minors/

Leasú 9

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 24

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(24) Ní rialaítear leis an Treoir seo beartais na mBallstát maidir le gníomhaíochtaí gnéasacha comhthoiliúla a bhféadfadh leanaí a bheith rannpháirteach iontu agus ar féidir iad a mheas a bheith ina gcuid den ghnáthphróiseas foghlama gnéis le linn forbairt dhaonna, agus aird á tabhairt ar na traidisiúin éagsúla chultúrtha agus dhlíthiúla agus ar dhóigheanna nua chun caidreamh i measc leanaí agus ógánach a bhunú agus a chothú, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht	(24) Ní rialaítear leis an Treoir seo beartais na mBallstát maidir le gníomhaíochtaí gnéasacha comhthoiliúla a bhféadfadh leanaí a bheith rannpháirteach iontu agus ar féidir iad a mheas a bheith ina gcuid den ghnáthphróiseas foghlama gnéis le linn forbairt dhaonna, agus aird á tabhairt ar na traidisiúin éagsúla chultúrtha agus dhlíthiúla agus ar dhóigheanna nua chun caidreamh i measc leanaí agus ógánach a bhunú agus a chothú, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí

faisnéise agus cumarsáide. Maidir leis na Ballstáit a bhainfidh leas as na féidearthachtaí dá dtagraítear sa Treoir seo, déanfaidh siad amhlaidh agus a n-inniúlachtaí á bhfeidhmiú acu. ***Go háirithe,*** ba cheart do na Ballstáit ***a bheith in ann*** gníomhaíochtaí gnéasacha comhthoiliúla a bhaineann go heisiach le leanaí os cionn na haoise toilithe gnéis a dhíolmhú ó choiriúlú, chomh maith le gníomhaíochtaí gnéasacha comhthoiliúla lena mbaineann piaraí. Tá sé beartaithe leis na leasuithe ar an Airteagal sin raon feidhme an mhaolaithe a shoiléiriú, ós rud é go ndealraíonn sé go bhfuil léirmhíniú róleathan ag roinnt Ballstát ar a fhoclaíocht bhunaidh (e.g. trí dhíolmhú ó choiriúlú gníomhaíochtaí comhthoiliúla idir mionaoisigh atá os cionn aois an toilithe agus daoine fásta d'aois ar bith, a mheastar a bheith ina 'bpiaraí' in ainneoin difríocht shuntasach aoise).

faisnéise agus cumarsáide. Maidir leis na Ballstáit a bhainfidh leas as na féidearthachtaí dá dtagraítear sa Treoir seo, déanfaidh siad amhlaidh agus a n-inniúlachtaí á bhfeidhmiú acu. ***Mar sin féin, i gcomhréir leis na moltaí ó Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus ó Choiste Lanzarote***, ba cheart do na Ballstáit gníomhaíochtaí gnéasacha comhthoiliúla a bhaineann go heisiach le leanaí os cionn na haoise toilithe gnéis a dhíolmhú ó choiriúlú, chomh maith le gníomhaíochtaí gnéasacha comhthoiliúla lena mbaineann piaraí. Tá sé beartaithe leis na leasuithe ar an Airteagal sin raon feidhme an mhaolaithe a shoiléiriú, ós rud é go ndealraíonn sé go bhfuil léirmhíniú róleathan ag roinnt Ballstát ar a fhoclaíocht bhunaidh (e.g. trí dhíolmhú ó choiriúlú gníomhaíochtaí comhthoiliúla idir mionaoisigh atá os cionn aois an toilithe agus daoine fásta d'aois ar bith, a mheastar a bheith ina 'bpiaraí' in ainneoin difríocht shuntasach aoise). ***Níor cheart a thuiscint leis na forálacha a bhaineann le haois an toilithe go bhfuiltear ag teorannú ar bhealach ar bith coiriúlú mí-úsáide gnéasaí leanaí agus teacht i dtír ar leanaí a bhfuil aois an toilithe bainte amach acu agus atá os cionn aois an toilithe toisc nach féidir le haon leanbh toiliú lena mhí-úsáid ghnéasach agus le foréigean gnéasach dá bhrí sin.***

Leasú 10

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(26) Maidir le héagumas fisiciúil nó meabhrach faoin Treoir seo, ba cheart é a mheas mar ní lena n-áirítear freisin an staid mhíchumais fhisiciúil nó mheabhraigh ina bhfuil duine mar thoradh ar thionchar drugaí agus alcóil.	(26) Maidir le héagumas fisiciúil nó meabhrach faoin Treoir seo, ba cheart é a mheas mar ní lena n-áirítear freisin an staid éagumais fhisiciúil nó mheabhraigh ina bhfuil duine mar thoradh ar thionchar drugaí agus alcóil. ***Is den ríthábhacht é a aithint nach féidir le daoine aonair atá i***

riocht éagumais toiliú feasach agus deonach a thabhairt, lena ndéantar aon ghníomh gnéasach faoi na cúinsí sin neamh-chomhthoiliúil go bunúsach.

Leasú 11

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 31

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(31) Is minic nach mbíonn íospartaigh na mí-úsáide gnéasaí leanaí agus an teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí in ann an choir a thuairisciú go ceann roinnt mhaith blianta tar éis a déanta mar gheall ar an náire, an chiontacht agus an féinmhilleán a d'fhéadfadh a bheith bainteach leis an stiogma sóisialta agus cultúrtha, i measc nithe eile, atá fós ag gabháil le mí-úsáid ghnéasach, an rúndacht ina dtarlaíonn an mhí-úsáid, iompar bagrach nó milleánach ón déantóir, agus/nó tráma. Maidir le déantóirí na mí-úsáide gnéasaí agus an teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí, murab ionann agus déantóirí coireanna foréigneacha eile, bíonn siad gníomhach go dtí an tseanaois de ghnáth, agus is bagairt ar leanaí i gcónaí iad. I bhfianaise an mhéid sin, ní féidir cionta a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a imscrúdú agus a ionchúiseamh go héifeachtach, agus cúnamh agus tacaíocht iomchuí a thabhairt d'íospartaigh, ach amháin má cheadaíonn reachtanna na dtréimhsí d'íospartaigh an choir a thuairisciú ar feadh tréimhse an-fhada ama.	(31) Is minic nach mbíonn íospartaigh na mí-úsáide gnéasaí leanaí agus an teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí***, go háirithe cailíní,*** in ann an choir a thuairisciú go ceann roinnt mhaith blianta tar éis a déanta mar gheall ar an náire, an chiontacht agus an féinmhilleán a d'fhéadfadh a bheith bainteach leis an stiogma sóisialta agus cultúrtha, i measc nithe eile, atá fós ag gabháil le mí-úsáid ghnéasach, an rúndacht ina dtarlaíonn an mhí-úsáid, iompar bagrach nó milleánach ón déantóir, agus/nó tráma***. Ina theannta sin, tagann formhór na gcásanna de mhí-úsáid ghnéasach leanaí ó bhaill teaghlaigh nó ó dhaoine laistigh de dhlúthchiorcal an linbh, agus na hiarmhairtí ann a bhaineann le tréimhse fhada na mí-úsáide, leis an stiogma thuasluaite agus a éasca atá sé do dhéantóirí na gcoireanna rochtain a fháil ar an leanbh***. Maidir le déantóirí na mí-úsáide gnéasaí agus an teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí, murab ionann agus déantóirí coireanna foréigneacha eile, bíonn siad gníomhach go dtí an tseanaois de ghnáth, agus is bagairt ar leanaí i gcónaí iad. I bhfianaise an mhéid sin, ní féidir cionta a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a imscrúdú agus a ionchúiseamh go héifeachtach, agus cúnamh agus tacaíocht iomchuí a thabhairt d'íospartaigh, ach amháin má cheadaíonn reachtanna na dtréimhsí d'íospartaigh an choir a thuairisciú ar feadh tréimhse an-fhada ama. ***Ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a***

chur chun feidhme chun folláine, meabhairshláinte agus téarnamh leanaí ó strus iarthrámach a chosaint trína áirithiú go gcosnófar go leordhóthanach céannacht agus sonraí pearsanta íospartach ó nochtadh na meán poiblí i gcásanna breithiúnacha a bhaineann le híospartaigh mí-úsáide gnéasaí ar leanaí iad. Ba cheart leanaí a chosaint ar rónochtadh poiblí, toisc go bhféadfadh próifiliú nó ath-thrámú na n-íospartach a bheith mar thoradh ar an nochtadh sin, nó go bhféadfaí díriú orthu.

Leasú 12

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 31 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(31a) Ba cheart do na Ballstáit aitheantas a thabhairt do cheart na n-íospartach iad féin a shainiú mar mharthanóirí, go dtuigfí iad mar dhuine a d'fhulaing mí-úsáid ghnéasach leanaí nó teacht i dtír gnéasach ar leanaí, gan beann ar a stádas dlíthiúil agus ar a n-aitheantas mar íospartach coireachta ag córas dlí. Cuirtear san áireamh leis sin na céimeanna éagsúla a dtéann íospartach mí-úsáide gnéasaí agus teacht i dtír gnéasach tríothu, agus tá sé d'aidhm aige athíospairt a sheachaint.

Leasú 13

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 33

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(33) Le cineálacha áirithe mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne, amhail beoshruthú mí-úsáide leanaí, a dhéanann daoine atá i láthair i dtríú tíortha go fisiciúil go minic arna iarraidh sin do dhéantóirí san Aontas	(33) Le cineálacha áirithe mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne, amhail beoshruthú mí-úsáide leanaí, a dhéanann daoine atá i láthair i dtríú tíortha go fisiciúil go minic arna iarraidh sin do dhéantóirí san Aontas

ar íocaíocht, cruthaítear dúshláin imscrúdaitheacha ar leith, toisc nach iondúil go bhfágtar rianta ná íomhánna i ndiaidh na mí-úsáide sruthaithe. Féadfaidh comhar le seirbhísí airgeadais mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (b), de Threoir 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15] agus soláthraithe seirbhíse ábhartha eile a bheith ríthábhachtach chun dúshláin a shárú maidir le cionta den sórt sin a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Dá bhrí sin, chun imscrúdú agus ionchúiseamh éifeachtach a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar chreataí a sholáthar le haghaidh dlúthchomhar idir seirbhísí airgeadais agus soláthraithe seirbhíse ábhartha eile amhail soláthraithe seirbhísí beoshruthaithe. Leis sin laghdófaí an tsaoirse ó phionós agus d'áiritheofaí gur féidir na cionta uile a chumhdaítear leis an Treoir seo a imscrúdú go héifeachtach, trí úsáid a bhaint as uirlisí agus acmhainní spriocdhírithe agus iomchuí.

[15] Treoir 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2002 maidir le cianmhargú seirbhísí airgeadais tomhaltóirí agus lena leasaítear Treoir 90/619/CEE ón gComhairle agus Treoracha 97/7/CE agus 98/27/CE (IO L 271, 9.10.2002, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/65/oj).

ar íocaíocht, cruthaítear dúshláin imscrúdaitheacha ar leith, toisc nach iondúil go bhfágtar rianta ná íomhánna i ndiaidh na mí-úsáide sruthaithe. Féadfaidh comhar le seirbhísí airgeadais mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (b), de Threoir 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15] agus soláthraithe seirbhíse ábhartha eile a bheith ríthábhachtach chun dúshláin a shárú maidir le cionta den sórt sin a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Dá bhrí sin, chun imscrúdú agus ionchúiseamh éifeachtach a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar chreataí a sholáthar le haghaidh dlúthchomhar idir seirbhísí airgeadais agus soláthraithe seirbhíse ábhartha eile amhail soláthraithe seirbhísí beoshruthaithe. Leis sin laghdófaí an tsaoirse ó phionós agus d'áiritheofaí gur féidir na cionta uile a chumhdaítear leis an Treoir seo a imscrúdú go héifeachtach, trí úsáid a bhaint as uirlisí agus acmhainní spriocdhírithe agus iomchuí, ***lena n-áirithítear tabhairt i gcrích tapa na nósanna imeachta, agus ba cheart go n-áireofaí leis ábhar díobhálach a bhlocáil láithreach agus a bhaint go pras agus rochtain a thabhairt ar ábhar riachtanach d'fhorfheidhmiú an dlí chun coinneáil le ciontóirí agus iad a ionchúiseamh go héifeachtach. Leis an gcur chuige sin, cosnaítear íospartaigh agus tugtar déantóirí na gcoireanna chun cuntais.***

[15] Treoir 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2002 maidir le cianmhargú seirbhísí airgeadais tomhaltóirí agus lena leasaítear Treoir 90/619/CEE ón gComhairle agus Treoracha 97/7/CE agus 98/27/CE (IO L 271, 9.10.2002, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/65/oj).

Leasú 14

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 34

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(34) Ba cheart do na Ballstáit aon duine a bhfuil eolas aige nó a bhfuil amhras air faoi mhí-úsáid ghnéasach leanaí nó faoi theacht i dtír gnéasach ar leanaí a spreagadh chun an t-eolas nó an t-amhras sin a thuairisciú do na seirbhísí inniúla. Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit faisnéis a chur ar fáil do leanaí maidir leis an bhféidearthacht an mhí-úsáid a thuairisciú, lena n-áirítear do línte cabhracha. Is ar gach Ballstát atá an fhreagracht cinneadh a dhéanamh maidir le cé hiad na húdaráis inniúla ar cheart an t-amhras sin a thuairisciú dóibh. Níor cheart na húdaráis inniúla sin a bheith teoranta do sheirbhísí cosanta leanaí nó do sheirbhísí sóisialta ábhartha. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an gceanglas amhrais 'de mheon macánta' cosc a chur ar an bhforáil a agairt chun údarú a thabhairt do líomhaintí atá go hiomlán samhailteach nó bréagach agus a dhéantar de mheon mailíseach.	(34) Ba cheart do na Ballstáit aon duine a bhfuil eolas aige nó a bhfuil amhras air faoi mhí-úsáid ghnéasach leanaí nó faoi theacht i dtír gnéasach ar leanaí a spreagadh chun an t-eolas nó an t-amhras sin a thuairisciú do na seirbhísí inniúla. Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit faisnéis a chur ar fáil do leanaí maidir leis an bhféidearthacht an mhí-úsáid a thuairisciú, lena n-áirítear do línte cabhracha ***nó faisnéis ar líne***. Is ar gach Ballstát atá an fhreagracht cinneadh a dhéanamh maidir le cé hiad na húdaráis inniúla ar cheart an t-amhras sin a thuairisciú dóibh. Níor cheart na húdaráis inniúla sin a bheith teoranta do sheirbhísí cosanta leanaí nó do sheirbhísí sóisialta ábhartha. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an gceanglas amhrais 'de mheon macánta' cosc a chur ar an bhforáil a agairt chun údarú a thabhairt do líomhaintí atá go hiomlán samhailteach nó bréagach agus a dhéantar de mheon mailíseach.

Leasú 15

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 34 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(34a) Ba cheart do na Ballstáit, i gcomhréir le bunphrionsabail a gcóras dlí, na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh na húdaráis inniúla náisiúnta i dteideal gan ionchúiseamh a dhéanamh ná pionóis a fhorchur ar mháithreacha ar íospartaigh de mhí-úsáid ghnéasach agus de theacht i dtír gnéasach ar leanaí iad, agus iad ag diúltiú orduithe coimeádta tuismitheora a leanúint ar an bhforas go bhfuil fianaise ar fhoréigean in aghaidh leanaí acu.

Leasú 16

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 34 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(34b) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh na húdaráis forfheidhmithe dlí imscrúdú gan moill mhíchuí ar iarrachtaí chun leanaí a lorg chun críoch gnéasach agus go ndéanfar íospartaigh na n-iarrachtaí sirtheoireachta sin ar leanaí iad a tharchur go héifeachtach chuig na seirbhísí tacaíochta ábhartha le haghaidh cúnaimh agus cosanta, agus aird ar leith á tabhairt ar chearta na n-íospartach a neartú.

Leasú 17

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 36

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(36) Ba cheart bearta a dhéanamh chun íospartaigh linbh a chosaint ar bhealach cuimsitheach chun a leasa, agus measúnú ar a gcuid riachtanas á chur san áireamh. Tá gá le cur chuige uile-shochaí chun leanaí a chosaint go héifeachtach. Leis an leanbh ag an gcroílár, ba cheart do na húdaráis agus na seirbhísí ábhartha uile oibriú le chéile chun an leanbh a chosaint agus chun tacú leis, chun a leasa féin. Is é an tsamhail 'Barnahus' a bhaineann le timpeallacht atá fabhrach do leanaí a sholáthar a bhfuil speisialtóirí ó gach disciplín ábhartha ag obair inti, is é sin an sampla is forbartha faoi láthair de chur chuige atá fabhrach do leanaí i leith an cheartais agus chun athíospairt a sheachaint. Tá forálacha ábhartha na Treorach seo bunaithe ar phrionsabail na	(36) Ba cheart bearta a dhéanamh chun íospartaigh ar leanaí iad a chosaint ar bhealach cuimsitheach chun a leasa, agus measúnú ar a gcuid riachtanas á chur i gcuntas***, lena n-áirítear leochaileachtaí an íospartaigh agus na héifeachtaí síceolaíocha díréireacha ar chailíní, ar bhealach atá íogair ó thaobh tráma, inscne, míchumais de agus ar bhealach atá íogair do leanaí***. Tá gá le cur chuige uile-shochaí chun leanaí a chosaint go héifeachtach. Leis an leanbh ag an gcroílár, ba cheart do na húdaráis agus na seirbhísí ábhartha uile oibriú le chéile chun an leanbh a chosaint agus chun tacú leis, chun a leasa féin. ***Chun athíospairt a chosc, ba cheart do ghairmithe forfheidhmithe dlí agus gairmithe gaolmhara cuir chuige atá íogair ó thaobh inscne de a ghlacadh lena***

samhla sin. Is é is aidhm don tsamhail sin a áirithiú go bhfaighidh gach leanbh atá rannpháirteach in imscrúduithe maidir le mí-úsáid leanaí nó teacht i dtír gnéasach ar leanaí measúnú ardchaighdeáin i dtimpeallachtaí atá fabhrach do leanaí, as tacaíocht shíceasóisialta iomchuí agus as seirbhísí cosanta leanaí. Leis an Treoir seo, féachtar lena áirithiú go seasfaidh na Ballstáit uile leis na prionsabail sin, cé nach gceanglaítear léi i ndáiríre ar na Ballstáit samhail Barnahus a leanúint. I gcás inar gá scrúduithe leighis a dhéanamh ar an leanbh chun críocha na n-imscrúduithe coiriúla, mar shampla chun fianaise ar mhí-úsáid a bhailiú, ba cheart iad sin a theorannú don mhéid atá fíor-riachtanach chun teorainn a chur leis an ath-thrámú. Níor cheart go gcuirfeadh an oibleagáid sin cosc ar scrúduithe leighis eile atá riachtanach ar mhaithe le leas an linbh. Ba cheart rochtain éasca a bheith ag íospartaigh linbh ar cheartas lena dtacaítear le leanaí, ar leigheasanna dlí agus ar bhearta chun aghaidh a thabhairt ar choinbhleachta leasa i gcásanna ina ndéantar mí-úsáid ghnéasach leanaí nó teacht i dtír gnéasach ar leanaí laistigh den teaghlach. I gcás inar cheart ionadaí speisialta a cheapadh do leanbh le linn imscrúdú coiriúil nó le linn imeacht coiriúil, d'fhéadfadh duine dlítheanach, institiúid nó údarás an ról sin a chomhlíonadh freisin. Thairis sin, ba cheart íospartaigh linbh a chosaint ó phionóis, mar shampla faoi reachtaíocht náisiúnta maidir le striapachas, má dhéanann siad aird na n-údarás inniúil a tharraingt ar a gcás. Ina theannta sin, níor cheart, a mhéid is féidir, tráma breise a chruthú d'íospartaigh linbh mar thoradh ar a rannpháirtíocht in imeachtaí coiriúla, mar thoradh ar agallaimh ná ar theagmháil amhairc le ciontóirí. Ba cheart oiliúint a chur ar na húdaráis uile a bhfuil baint acu leis na himeachtaí i gceartas lena dtacaítear le leanaí. Le tuiscint mhaith ar leanaí agus ar a n-iompar nuair a bhíonn eispéiris thrámacha os a gcomhair, cuideofar lena ***seachnaítear díobháil nó laofacht inscne a bhuanú le linn imscrúduithe agus idirghníomhaíochtaí le híospartaigh, agus le linn an phróisis bhreithiúnaigh agus níos faide i gcéin. Mura gcuirtear na cleachtais sin chun feidhme, tá an baol ann go gcuirfear tráma ar íospartaigh arís eile agus go ndíspreagfar iad ó cheartas a lorg***. Is é an tsamhail 'Barnahus' a bhaineann le timpeallacht atá fabhrach do leanaí a sholáthar a bhfuil speisialtóirí ó gach disciplín ábhartha ag obair inti an sampla is forbartha faoi láthair de chur chuige atá fabhrach do leanaí i leith an cheartais agus chun athíospairt a sheachaint. ***Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go n-ionchorpraítear cineálacha cur chuige atá íogair ó thaobh inscne de i samhail Barnahus, lena n-áirithítear go gcuirtear leochaileachtaí inscne-shonracha san áireamh agus iad i dteagmháil le marthanóirí, go n-áirítear íogaireacht inscne in oiliúint foirne, agus go gcuirtear seirbhísí in oiriúint d'eispéiris inscneacha***. Tá forálacha ábhartha na Treorach seo bunaithe ar phrionsabail na samhla sin. Is é is aidhm don tsamhail sin a áirithiú go dtairbheoidh gach leanbh atá rannpháirteach in imscrúduithe maidir le mí-úsáid leanaí nó teacht i dtír gnéasach ar leanaí de mheasúnú ardchaighdeáin i dtimpeallachtaí atá fabhrach do leanaí, de thacaíocht shíceasóisialta iomchuí ***agus shaincheaptha*** agus de sheirbhísí cosanta leanaí. Leis an Treoir seo, féachtar lena áirithiú go seasfaidh na Ballstáit uile leis na prionsabail sin, cé nach gceanglaítear léi i ndáiríre ar na Ballstáit samhail Barnahus a leanúint. I gcás inar gá scrúduithe leighis a dhéanamh ar an leanbh chun críocha na n-imscrúduithe coiriúla, mar shampla chun fianaise ar mhí-úsáid a bhailiú, ba cheart iad sin a theorannú go docht don mhéid atá fíor-riachtanach chun teorainn a chur leis an ath-thrámú ***agus iad á ndéanamh ag gairmithe oilte ar bhealach atá íogair ó thaobh inscne agus tráma de***. Níor cheart go gcuirfeadh an oibleagáid sin cosc ar

áirithiú go mbaileofar fianaise ar ardchaighdeán agus go laghdófar an strus a chuirfear ar leanaí agus na bearta is gá á ndéanamh. I gcás ina nglacann íospartaigh linbh páirt in imeachtaí coiriúla, ba cheart don chúirt a n-aois agus a n-aibíocht a chur san áireamh go hiomlán i seoladh na n-imeachtaí agus ba cheart di a áirithiú go bhfuil na himeachtaí inrochtana agus sothuigthe don leanbh.

scrúduithe leighis eile atá riachtanach ar mhaithe le dea-bhail an linbh. Ba cheart rochtain éasca a bheith ag íospartaigh ar leanaí iad ar cheartas atá fabhrach do leanaí, ar leigheasanna dlí agus ar bhearta chun aghaidh a thabhairt ar choinbhleachta leasa i gcásanna ina ndéantar mí-úsáid ghnéasach leanaí nó teacht i dtír gnéasach ar leanaí laistigh den teaghlach. I gcás inar cheart ionadaí speisialta a cheapadh do leanbh le linn imscrúdú coiriúil nó le linn imeacht coiriúil, d'fhéadfadh duine dlítheanach, institiúid nó údarás an ról sin a chomhlíonadh freisin. Thairis sin, ba cheart íospartaigh ar leanaí iad a chosaint ó phionóis, mar shampla faoi reachtaíocht náisiúnta maidir le striapachas, má dhéanann siad aird na n-údarás inniúil a tharraingt ar a gcás. Ina theannta sin, níor cheart, a mhéid is féidir, tráma breise a chruthú d'íospartaigh ar leanaí iad mar thoradh ar a rannpháirtíocht in imeachtaí coiriúla, mar thoradh ar agallaimh ná ar theagmháil amhairc le ciontóirí. Ba cheart oiliúint a chur ar na húdaráis uile a bhfuil baint acu leis na himeachtaí i gceartas atá fabhrach do leanaí ***agus atá íogair ó thaobh inscne agus tráma de***. Le tuiscint mhaith ar leanaí agus ar a n-iompar nuair a bhíonn eispéiris thrámacha os a gcomhair, cuideofar lena áirithiú go mbaileofar fianaise ar ardchaighdeán agus go laghdófar an strus a chuirfear ar leanaí agus na bearta is gá á ndéanamh. I gcás ina nglacann íospartaigh linbh páirt in imeachtaí coiriúla, ba cheart don chúirt a n-aois***, a n-inscne*** agus a n-aibíocht a chur san áireamh go hiomlán i seoladh na n-imeachtaí agus ba cheart di a áirithiú go bhfuil na himeachtaí inrochtana agus sothuigthe don leanbh.

Leasú 18

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 36 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(36a) Ba cheart do na Ballstáit cúram cuimsitheach do leanaí a áirithiú mar cheart suibiachtúil, lena n-áiritheofar go mbeidh cláir chúitimh d'íospartaigh agus do mharthanóirí éifeachtach agus inrochtana, agus gné na hinscne á chur san áireamh. I ndáil leis an méid sin, agus aitheantas á thabhairt do shamhail Barnahus mar thagairt dhearfach, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh cistiú leordhóthanach ann chun uilíochas agus neamh-idirdhealú a ráthú maidir le rochtain leanaí ar a gcearta. Ciallaíonn sé sin gur cheart an cúram, an tacaíocht, an chosaint agus an cúiteamh a chuirtear ar fáil do leanaí a chomhtháthú agus a stádas mar shealbhóirí iomlána ceart a urramú. Ní féidir fíorchosaint mharthanach a gceart a áirithiú ach amháin trí chuir chuige den sórt sin, agus aghaidh á tabhairt ar a riachtanais laistigh de chreat ceartais atá oiriúnaithe agus íogair dá bhforbairt fhoriomlán.

Leasú 19

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 37

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(37) Ba cheart do na Ballstáit cúnamh gearrthéarmach agus fadtéarmach atá saincheaptha agus cuimsitheach a thabhairt d'íospartaigh linbh. Is suntasach an díobháil a dhéantar de dheasca mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanbh agus ba cheart aghaidh a thabhairt uirthi a luaithe is féidir tar éis chéad teagmháil an íospartaigh leis na húdaráis. Tá sé ríthábhachtach cúnamh láithreach a thabhairt d'íospartaigh roimh imscrúduithe agus imeachtaí coiriúla agus lena linn chun teorainn a chur leis an tráma fadtéarmach a bhaineann leis an mí-úsáid a fulaingíodh. Chun soláthar mear cúnaimh a éascú, lena	(37) Ba cheart do na Ballstáit cúnamh gearrthéarmach agus fadtéarmach atá saincheaptha agus cuimsitheach a thabhairt d'íospartaigh linbh***, ar bhealach atá íogair ó thaobh inscne de, agus riachtanais shonracha agus saintréithe sonracha gach linbh agus gach marthanóra á gcur san áireamh***. Is suntasach an díobháil a dhéantar de dheasca mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanbh agus ba cheart aghaidh a thabhairt uirthi a luaithe is féidir tar éis chéad teagmháil an íospartaigh leis na húdaráis. Tá sé ríthábhachtach cúnamh láithreach a thabhairt d'íospartaigh roimh

n-áirítear na seirbhísí tacaíochta ábhartha a shainaithint, ba cheart do na Ballstáit treoirlínte agus prótacail a eisiúint do ghairmithe cúraim sláinte, oideachais agus seirbhísí sóisialta, lena n-áirítear foireann na línte cabhrach . De dheasca chineál an dochair a bhíonn ann mar thoradh ar mhí-úsáid ghnéasach agus ar theacht i dtír gnéasach, ba cheart leanúint leis an gcúnamh sin a thabhairt chomh fada agus is gá le haghaidh théarnamh fisiciúil agus síceolaíoch an linbh agus féadfar leanúint leis más gá go dtí go mbeidh an leanbh ina dhuine fásta. Ba cheart breithniú a dhéanamh ar chúnamh agus comhairle a thabhairt do thuismitheoirí , cúramóirí nó caomhnóirí na n-íospartach linbh i gcás nach bhfuil baint acu mar dhaoine atá faoi dhrochamhras maidir leis an gcion lena mbaineann, chun cuidiú leo cúnamh a thabhairt do na híospartaigh linbh i gcaitheamh na n-imeachtaí.

imscrúduithe agus imeachtaí coiriúla agus lena linn chun teorainn a chur leis an tráma fadtéarmach a bhaineann leis an mí-úsáid a fulaingíodh. Chun soláthar mear cúnaimh a éascú, lena n-áirítear na seirbhísí tacaíochta ábhartha a shainaithint, ba cheart do na Ballstáit treoirlínte agus prótacail a eisiúint do ghairmithe cúraim sláinte, oideachais agus seirbhísí sóisialta ***agus oibrithe deonacha***, lena n-áirítear foireann na línte cabhrach. De dheasca chineál an dochair a bhíonn ann mar thoradh ar mhí-úsáid ghnéasach agus ar theacht i dtír gnéasach, ba cheart leanúint leis an gcúnamh sin a thabhairt chomh fada agus is gá le haghaidh théarnamh fisiciúil agus síceolaíoch an linbh agus féadfar leanúint leis más gá go dtí go mbeidh an leanbh ina dhuine fásta. Ba cheart breithniú a dhéanamh ar chúnamh agus comhairle a thabhairt do thuismitheoirí, cúramóirí nó caomhnóirí na n-íospartach linbh i gcás nach bhfuil baint acu mar dhaoine atá faoi dhrochamhras maidir leis an gcion lena mbaineann, chun cuidiú leo cúnamh a thabhairt do na híospartaigh linbh i gcaitheamh na n-imeachtaí.

Leasú 20

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 38

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(38) Is minic a mhaireann an tráma a eascraíonn as mí-úsáid ghnéasach leanaí agus as teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus na híospartaigh ina ndaoine fásta, rud a fhágann go mbíonn éifeachtaí ***fadtéarmacha*** ann a chuireann cosc go minic ar íospartaigh an cion a thuairisciú agus cúnamh agus tacaíocht a lorg ar feadh blianta fada. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit cúnamh gearrthéarmach agus fadtéarmach ***atá saincheaptha*** agus cuimsitheach a thabhairt ní hamháin d'íospartaigh linbh, ach freisin do

Leasú

(38) ***Bíonn tionchar domhain marthanach ag mí-úsáid ghnéasach leanaí, cé acu a rinneadh é go fisiciúil nó trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, ar íospartaigh agus ar mharthanóirí, rud a dhéanann difear dá meabhairshláinte, dá bhforbairt phearsanta agus dá bhfolláine amach anseo.*** Is minic a mhaireann an tráma a eascraíonn as mí-úsáid ghnéasach leanaí agus as teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus na híospartaigh ina ndaoine fásta, rud a fhágann go mbíonn éifeachtaí ***fadsaoil ar***

mharthanóirí fásta mí-úsáide gnéasaí leanaí agus teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí.

uairibh i gceist lena gcuirtear cosc go minic ar íospartaigh an cion a thuairisciú agus ó chúnamh agus tacaíocht a lorg ar feadh blianta fada. ***I gcásanna áirithe, bíonn éagsúlacht ann maidir le cuimhne ar mhí-úsáid ghnéasach agus ar thráma a d'fhulaing íospartaigh ina dhiaidh sin. Ina theannta sin, i ngeall nach bhfuil faisnéis agus tuiscint ar fáil maidir lena bhfuil i gceist le cad is mí-úsáid ghnéasach leanaí agus toiliú ann, d'fhéadfadh sé nach n-aithneodh marthanóirí go ndearnadh mí-úsáid ghnéasach orthu ach níos déanaí sa saol.*** Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit cúnamh gearrthéarmach agus fadtéarmach atá cuimsitheach a thabhairt ní hamháin d'íospartaigh linbh, ach freisin do mharthanóirí fásta mí-úsáide gnéasaí leanaí agus teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí***, ar bhealach atá íogair ó thaobh inscne de lena gcuirtear riachtanais shonracha agus saintréithe sonracha gach linbh i gcuntas***.

Leasú 21

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 39

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(39) Le Treoir 2012/29/AE déantar tacar de chearta íospartach in imeachtaí coiriúla a bhunú, lena n-áirítear an ceart chun cosanta agus an ceart cinneadh a fháil maidir le cúiteamh ón gciontóir . Leis an togra le haghaidh athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cearta Íospartach, déantar foráil maidir le leasuithe spriocdhírithe ar chearta na n-íospartach uile. I dteannta na gceart a bhunaítear faoin Treoir sin, ba cheart rochtain ar chomhairleoireacht dhlíthiúil agus, i gcomhréir le ról na n-íospartach sa chóras ábhartha ceartais, ar ionadaíocht dhlíthiúil, lena n-áirítear chun cúiteamh a éileamh, a thabhairt d'íospartaigh na mí-úsáide gnéasaí leanaí,	(39) Le Treoir 2012/29/AE déantar tacar de chearta íospartach in imeachtaí coiriúla a bhunú, lena n-áirítear an ceart chun cosanta agus an ceart cinneadh a fháil maidir le cúiteamh ón gciontóir. Leis an togra le haghaidh athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cearta Íospartach, déantar foráil maidir le leasuithe spriocdhírithe ar chearta na n-íospartach uile. I dteannta na gceart a bhunaítear faoin Treoir sin, ba cheart rochtain ar chomhairleoireacht dhlíthiúil agus, i gcomhréir le ról na n-íospartach sa chóras ábhartha ceartais, ar ionadaíocht dhlíthiúil, lena n-áirítear chun cúiteamh a éileamh, a thabhairt d'íospartaigh na mí-úsáide gnéasaí leanaí,

an teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí agus an ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí. D'fhéadfadh na húdaráis inniúla an chomhairleoireacht dhlíthiúil sin agus an ionadaíocht dhlíthiúil sin a sholáthar chun cúiteamh a éileamh ón Stát. Is é is cuspóir do chomhairleoireacht dhlíthiúil a chur ar chumas na n-íospartach a bheith ar an eolas faoi na féidearthachtaí éagsúla atá ar fáil dóibh agus comhairle a fháil maidir leis na féidearthachtaí sin. Ba cheart do dhuine a bhfuil oiliúint dhlíthiúil iomchuí faighte aige an chomhairleoireacht dhlíthiúil a sholáthar, ach ní gá go mbeadh sé ina dhlíodóir. Ba cheart comhairleoireacht dhlíthiúil agus, i gcomhréir le ról na n-íospartach sa chóras ábhartha ceartais, ionadaíocht dhlíthiúil a sholáthar saor in aisce, ar a laghad nuair nach bhfuil acmhainní airgeadais leordhóthanacha ag an íospartach, ar bhealach atá i gcomhréir le nósanna imeachta inmheánacha na mBallstát.

an teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí agus an ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí. D'fhéadfadh na húdaráis inniúla an chomhairleoireacht dhlíthiúil sin agus an ionadaíocht dhlíthiúil sin a sholáthar chun cúiteamh a éileamh ón Stát. Is é is cuspóir do chomhairleoireacht dhlíthiúil a chur ar chumas na n-íospartach a bheith ar an eolas faoi na féidearthachtaí éagsúla atá ar fáil dóibh agus comhairle a fháil maidir leis na féidearthachtaí sin. Ba cheart do dhuine a bhfuil oiliúint dhlíthiúil iomchuí faighte aige an chomhairleoireacht dhlíthiúil a sholáthar, ach ní gá go mbeadh sé ina dhlíodóir. Ba cheart comhairleoireacht dhlíthiúil agus, i gcomhréir le ról na n-íospartach sa chóras ábhartha ceartais, ionadaíocht dhlíthiúil a sholáthar saor in aisce, ar a laghad nuair nach bhfuil acmhainní airgeadais leordhóthanacha ag an íospartach, ar bhealach atá i gcomhréir le nósanna imeachta inmheánacha na mBallstát. ***Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach gcomhlíontar an ceart chun cúitimh nó maolaithe tríd an gceart chun cúitimh airgeadaíochta amháin, ach trí chúiteamh cuimsitheach thar mhodhanna airgeadaíochta freisin, lena n-áirítear athshlánú fisiceach, rochtain ar chúram sláinte, ar oideachas nó ar ionaid seirbhísí d'íospartaigh a dheonú.***

Leasú 22

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 39 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	***(39a) Tá sé ríthábhachtach mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc chun leanaí a chosaint. Ba cheart do na Ballstáit bearta cosanta a dhéanamh chun folláine fhisiciúil, mhothúchánach agus shíceolaíoch leanaí a chosaint agus chun cearta bunúsacha leanaí a choimirciú chun fás aníos i dtimpeallacht shábháilte, saor ó theacht i dtír, ó fhoréigean agus ó**

	dhíobháil. Chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc, tá gá le hiarrachtaí comhoibríocha ar fud na n-earnálacha, lena n-áirítear oideachas, cúram sláinte, córais bhreithiúnacha agus seirbhísí pobail. Ina theannta sin, tá sé ríthábhachtach príomhchúramóirí a chumhachtú, go háirithe máithreacha a fheidhmíonn go minic mar chosantóirí túslíne, chun cásanna mí-úsáideacha a bhrath agus cur isteach orthu.

Leasú 23

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 39 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(39b) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh na húdaráis forfheidhmithe dlí imscrúdú gan moill mhíchuí ar iarrachtaí chun leanaí a lorg chun críoch gnéasach agus go ndéanfar íospartaigh na n-iarrachtaí sirtheoireachta sin ar leanaí iad a tharchur go héifeachtach chuig na seirbhísí tacaíochta ábhartha le haghaidh cúnaimh agus cosanta, agus aird ar leith á tabhairt ar chearta na n-íospartach a neartú.

Leasú 24

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 40

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(40) Ba cheart do Lárionad an Aontais Eorpaigh chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac (‘Lárionad an Aontais’), a bunaíodh le Rialachán [.../.../AE lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac][16], tacú le hiarrachtaí agus oibleagáidí coisctheacha na mBallstát agus	(40) Ba cheart do Lárionad an Aontais Eorpaigh chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac (‘Lárionad an Aontais’), a bunaíodh le Rialachán [.../.../AE lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac][16], tacú le hiarrachtaí agus oibleagáidí coisctheacha na mBallstát agus

lena n-iarrachtaí agus a n-oibleagáidí maidir le cúnamh d'íospartaigh faoin Treoir seo. Ba cheart dó malartú deachleachtas san Aontas agus lasmuigh de a éascú. Ba cheart do Lárionad an Aontais idirphlé a spreagadh idir na páirtithe leasmhara ábhartha uile chun cabhrú le cláir choisc úrscothacha a fhorbairt. Thairis sin, trí chomhoibriú leis na Ballstáit agus trí rannchuidiú le caighdeánú a dhéanamh ar bhailiú sonraí maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí ar fud an Aontais, ba cheart Lárionad an Aontais a bheith ina acmhainn chun tacú le beartas fianaisebhunaithe maidir le cosc agus maidir le cúnamh d'íospartaigh. Ba cheart do na Ballstáit údaráis náisiúnta nó eintitis choibhéiseacha a bhunú de réir mar a mheasann siad is iomchuí de réir a n-eagrúcháin inmheánaigh, agus an gá atá le struchtúr íosta le cúraimí sainaitheanta á chur san áireamh, lena mbeifear in ann measúnuithe a dhéanamh ar threochtaí i mí-úsáid ghnéasach leanaí, staitisticí a bhailiú, tomhas a dhéanamh ar thorthaí gníomhaíochtaí chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac, agus tuairisciú rialta a dhéanamh ar threochtaí, staitisticí agus torthaí den sórt sin. Ba cheart do na húdaráis náisiúnta sin feidhmiú mar phointe teagmhála náisiúnta agus ba cheart dóibh cur chuige comhtháiteach ***ilpháirtithe*** leasmhara a ghlacadh ina gcuid oibre. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit na sásraí is gá a bhunú ar an leibhéal náisiúnta chun comhordú agus comhar éifeachtach a áirithiú i bhforbairt agus i gcur chun feidhme beart chun mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc agus a chomhrac, ar líne agus as líne araon, i measc na ngníomhaithe ábhartha poiblí agus príobháideacha uile, chomh maith le comhar le Lárionad an Aontais agus leis an gCoimisiún a éascú.

lena n-iarrachtaí agus a n-oibleagáidí maidir le cúnamh d'íospartaigh faoin Treoir seo. Ba cheart dó malartú deachleachtas san Aontas agus lasmuigh de a éascú. Ba cheart do Lárionad an Aontais idirphlé a spreagadh idir na páirtithe leasmhara ábhartha uile chun cabhrú le cláir choisc úrscothacha a fhorbairt ***agus tacú leis na Ballstáit chun feachtais faisnéise agus mhúscailte feasachta a fhorbairt***. ***I bhfianaise chuspóir na Treorach seo, chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chomhrac agus a chosc, ba cheart go mbeadh Bord Comhairleach um Chearta Leanaí agus Marthanóirí ag Lárionad an Aontais comhdhéanta de shaineolaithe a mbeadh feidhm chomhairleach acu maidir le cearta leanaí agus le dearcadh na n-íospartach agus na marthanóirí. Féadfaidh an Bord Comhairleach um Chearta Leanaí agus Marthanóirí, go háirithe, saineolas a chur ar fáil chun tacú le hobair Lárionad an Aontais, laistigh de raon feidhme a shainordaithe. Ba cheart an chumhacht a thabhairt do Lárionad an Aontais comhoibriú le húdaráis inniúla agus seirbhísí tacaíochta ábhartha, lena n-áirítear ionaid cosanta íospartach, ionaid dídine do mhná, seirbhísí speisialaithe leanaí, seirbhísí sóisialta, eagraíochtaí um chearta leanaí, agus gairmithe cúraim sláinte sna Ballstáit. Agus an méid sin á dhéanamh aige, ba cheart do Lárionad an Aontais cur chuige atá íogair ó thaobh inscne de agus dearcadh atá bunaithe ar chearta an linbh a áirithiú, agus tosaíocht á tabhairt do riachtanais agus do chosaint íospartach ar leanaí iad***. Thairis sin, trí chomhoibriú leis na Ballstáit agus trí rannchuidiú le caighdeánú a dhéanamh ar bhailiú sonraí maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí ar fud an Aontais, ba cheart Lárionad an Aontais a bheith ina acmhainn chun tacú le beartas fianaisebhunaithe maidir le cosc agus maidir le cúnamh d'íospartaigh. Ba cheart do na Ballstáit údaráis náisiúnta nó eintitis choibhéiseacha a bhunú de réir mar

	a mheasann siad is iomchuí de réir a n-eagrúcháin inmheánaigh, agus an gá atá le struchtúr íosta le cúraimí sainaitheanta á chur i gcuntas, lena mbeifear in ann measúnuithe a dhéanamh ar threochtaí i mí-úsáid ghnéasach leanaí, staitisticí a bhailiú, tomhas a dhéanamh ar thorthaí gníomhaíochtaí chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac, agus tuairisciú rialta a dhéanamh ar threochtaí, staitisticí agus torthaí den sórt sin***, lena n-áirítear sonraí atá imdhealaithe de réir inscne agus aoise***. Ba cheart do na húdaráis náisiúnta sin feidhmiú mar phointe teagmhála náisiúnta agus ba cheart dóibh cur chuige comhtháiteach ***ilpháirtithe*** leasmhara a ghlacadh ina gcuid oibre. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit na sásraí is gá a bhunú ar an leibhéal náisiúnta chun comhordú agus comhar éifeachtach a áirithiú i bhforbairt agus i gcur chun feidhme beart chun mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc agus a chomhrac, ar líne agus as líne araon, i measc na ngníomhaithe ábhartha poiblí agus príobháideacha uile, chomh maith le comhar le Lárionad an Aontais agus leis an gCoimisiún a éascú.

[16] COM (2022) 209, 11.5.2022.

Leasú 25

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 40 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(40a) Tá sé ríthábhachtach go bhforbróidh na Ballstáit struchtúir ildisciplíneacha chun comhtháthú a dhéanamh ar shaineolas ó fhorfheidhmiú an dlí, ó ghníomhaireachtaí cosanta leanaí, ó mharthanóirí mí-úsáide gnéasaí leanaí, ó ghairmithe cúraim sláinte, ó oideoirí agus ó speisialtóirí

meabhairshláinte. Leis na struchtúir sin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar chastachtaí na mí-úsáide gnéasaí ar líne agus na sirtheoireachta leanaí agus inscne agus aois na n-úsáideoirí leanaí á gcur i gcuntas, agus é á aithint go ndírítear go díréireach ar chailíní in go leor cineálacha teacht i dtír ghnéasaigh agus mí-úsáide gnéasaí.

Leasú 26

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 43

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(43) Ba cheart do na Ballstáit beartais a bhunú nó a neartú chun mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc, lena n-áirítear bearta a dhéanamh chun an t-éileamh lena gcothaítear gach cineál teacht i dtír ar leanaí a dhíspreagadh agus a laghdú, agus bearta a dhéanamh chun laghdú ar dhéanamh ar an riosca go mbeadh leanaí ina n-íospartaigh, trí leas a bhaint as feachtais feasachta, lena n-áirítear do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus don tsochaí i gcoitinne, agus as cláir thaighde agus oideachais. Leis na tionscnaimh sin, ba cheart do na Ballstáit cur chuige bunaithe ar chearta an linbh a ghlacadh. Ba cheart aire a thabhairt chun a áirithiú go mbeidh na feachtais feasachta atá dírithe ar leanaí iomchuí agus sách sothuigthe, agus saincheaptha do riachtanais shonracha leanaí ó aoisghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear leanaí réamhscoile. I mbearta coisctheacha ba cheart cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh i leith fheiniméan na mí-úsáide gnéasaí agus an teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí, trí aghaidh a thabhairt ar na gnéithe a bhaineann leis ar líne agus as líne agus trí na páirtithe leasmhara ábhartha uile a shlógadh. Go háirithe i gcás na gné ar líne, ba cheart a áireamh ar na bearta forbairt scileanna litearthachta digití, lena n-áirítear	(43) Ba cheart do na Ballstáit beartais a bhunú nó a neartú chun mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc, lena n-áirítear bearta a dhéanamh chun an t-éileamh lena gcothaítear gach cineál teacht i dtír ar leanaí a dhíspreagadh agus a laghdú, agus bearta a dhéanamh chun laghdú ar dhéanamh ar an riosca go mbeadh leanaí ina n-íospartaigh, trí leas a bhaint as feachtais feasachta, lena n-áirítear do thuismitheoirí, do chúramóirí***, d'oideoirí i suíomhanna oideachasúla foirmiúla agus neamhfhoirmiúla,*** agus don tsochaí i gcoitinne, agus as cláir thaighde agus oideachais. Leis na tionscnaimh sin, ba cheart do na Ballstáit cur chuige atá bunaithe ar chearta an linbh ***agus atá íogair ó thaobh inscne de*** a ghlacadh***, lena ndírítear ar leochaileachtaí na gcailíní agus na mbuachaillí i leith cineálacha éagsúla mí-úsáide gnéasaí agus teacht i dtír ghnéasaigh, lena ndéantar cothú ar chosc na coire. Ba cheart go n-áireofaí sna tionscnaimh atá dírithe ar oideoirí, ar ghairmithe agus ar oibrithe deonacha atá ag obair le leanaí agus leis an tsochaí i gcoitinne feachtais maidir le conas freagairt nuair a bhíonn orthu aghaidh a thabhairt ar nochtadh mí-úsáide gnéasaí ag íospartach. Ba cheart d'fheachtais***

rannpháirtíocht chriticiúil sa saol digiteach, chun cabhrú le húsáideoirí iarrachtaí ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu, tacaíocht a lorg agus an mhí-úsáid a chosc. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chosc a chur ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí agus ar theacht i dtír gnéasach ar leanaí a dtugtar aire dóibh i saoráid ghrúpa seachas i gcomhthéacs cúraim theaghlachbhunaithe. I gcás nach bhfuil a leithéid i bhfeidhm cheana féin, ba cheart breithniú a dhéanamh ar línte cabhracha nó beolínte tiomnaithe a bhunú.

chomhchosúla dul i ngleic le hábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne a aithint agus a thuairisciú. Ba cheart aire a thabhairt chun a áirithiú go mbeidh na feachtais feasachta atá dírithe ar leanaí iomchuí agus sothuigthe go leor, agus saincheaptha do riachtanais shonracha leanaí ó aoisghrúpaí***, cumais agus inscne*** éagsúla, lena n-áirítear leanaí réamhscoile. ***Léirítear i bhfigiúirí le déanaí go bhfuil íospartaigh mí-úsáide gnéasaí leanaí ag éirí níos óige, agus 92 % d'íospartaigh idir 3 bliana agus 13 bliana d'aois. Tá sé tábhachtach mar sin go dtabharfaí an oiliúint sin isteach ar scoil, do leanaí agus do mhúinteoirí araon, a luaithe is féidir***. I mbearta coisctheacha ba cheart cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh i leith fheiniméan na mí-úsáide gnéasaí agus an teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí, trí aghaidh a thabhairt ar na gnéithe a bhaineann leis ar líne agus as líne agus trí na geallsealbhóirí ábhartha uile a shlógadh. Go háirithe i gcás na gné ar líne, ba cheart a áireamh ar na bearta an fhorbairt ***ar chláir sábháilteachta ar líne do leanaí i suíomhanna oideachasúla,*** scileanna litearthachta digití, lena n-áirítear rannpháirtíocht chriticiúil sa saol digiteach, chun cabhrú le húsáideoirí iarrachtaí ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu, ***lena n-áirítear trí na bagairtí digiteacha nua a eascraíonn as an intleacht shaorga (IS), an réaltacht fhíorúil (VR) agus mealltóireacht ar líne,*** chun tacaíocht a lorg agus an mhí-úsáid sin a chosc. ***Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear oideachas gnéasachta agus caidrimh ar fáil atá cuimsitheach agus iomchuí ó thaobh aoise de, bunaithe ar phrionsabail an chomhionannais inscne, an neamh-idirdhealaithe agus na gceart bunúsach agus ba cheart dó aghaidh a thabhairt, go háirithe, ar ról lárnach an toilithe i gcaidrimh ghnéis, agus a chur i dtábhacht nach féidir toiliú a thabhairt go deonach ach amháin mar thoradh ar shaorthoil an duine. Ba cheart do na Ballstáit an litearthacht dhigiteach a***

	neartú freisin agus an t-oideachas digiteach i scoileanna a chur in oiriúint d'fhonn na huirlisí is gá a thabhairt do leanaí chun an spás ar líne a láimhseáil ar bhealach sábháilte. Trí na bearta oideachais sin a ráthú i ngach scoil cabhraítear le leanaí, lena dteaghlaigh, le múinteoirí, agus leis na seirbhísí sóisialta, mí-úsáid a aithint agus a thuairisciú. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chosc a chur ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí agus ar theacht i dtír gnéasach ar leanaí a dtugtar aire dóibh i saoráid ghrúpa seachas i gcomhthéacs cúraim teaghlach-bhunaithe. I gcás nach bhfuil a leithéid i bhfeidhm cheana féin, ba cheart breithniú a dhéanamh ar línte cabhracha nó beolínte tiomnaithe a bhunú.

Leasú 27

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 43 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(43a) Chun an t-éileamh lena gcothaítear gach cineál teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí a laghdú, ba cheart do na Ballstáit feachtais faisnéise agus múscailte feasachta a sheoladh atá dírithe ar an bpobal i gcoitinne chun iad a chur ar an eolas faoi na hathruithe ar an dlí náisiúnta mar thoradh ar an Treoir seo, lena n-áirítear an phianbhreith mhéadaithe, na hiarmhairtí dlíthiúla a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí, agus coincheap an toilithe. Leis na feachtais sin, ba cheart béim a leagan ar na pionóis dhiana do chiontóirí, aird a tharraingt ar na hiarmhairtí fadtéarmacha a bhaineann le gabháil do na coireanna sin, oideachas a chur ar dhaoine maidir lena bhfuil i gceist le heaspa toilithe, agus daoine aonair a chur ar an eolas ar bhealach soiléir agus simplí faoin gcreat dlíthiúil atá i bhfeidhm chun teacht i dtír

gnéasach ar leanaí a chomhrac.

Leasú 28

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 43 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(43b) Ba cheart do na Ballstáit cláir oideachais a chur i bhfeidhm, bunaithe ar chleachtais tuismitheoirí, cúramóirí agus ball teaghlaigh, chun cosc a chur ar phictiúir nochta agus leathnochta leanaí trí fheidhmchlár ar líne, nó ar na meáin shóisialta.

Leasú 29

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 46

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(46) Gairmithe ar dócha go mbeidh teagmháil acu le híospartaigh linbh na mí-úsáide gnéasaí agus an teacht i dtír ghnéasaigh, ba cheart oiliúint leordhóthanach a chur orthu maidir leis na híospartaigh a shainaithint agus déileáil leo. Chun ceartas atá báúil le leanaí a áirithiú le linn cásanna de mhí-úsáid ghnéasach leanaí agus de theacht i dtír gnéasach ar leanaí a imscrúdú agus a ionchúiseamh, ba cheart an oiliúint sin ***a chur chun cinn*** do bhaill de na catagóirí seo a leanas nuair is dócha go dtiocfaidh siad i dteagmháil le híospartaigh linbh: póilíní, ionchúisitheoirí poiblí, dlíodóirí, comhaltaí de na breithiúna agus oifigigh chúirte, pearsanra cúraim leanaí agus sláinte, gairmithe in earnáil an oideachais, lena n-áirítear san oideachas agus cúram luath-óige, seirbhísí sóisialta, soláthraithe tacaíochta íospartach agus seirbhísí ceartais aisiríoch, ach d'fhéadfadh baint a bheith acu freisin le grúpaí eile daoine ar dócha	(46) Gairmithe ar dócha go mbeidh teagmháil acu le híospartaigh na mí-úsáide gnéasaí agus an teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí iad, ba cheart oiliúint leormhaith a chur orthu maidir leis na híospartaigh a shainaithint agus déileáil leo. ***Ba cheart oiliúint ar leith a chur orthu chun iad a láimhseáil ar bhealach atá íogair ó thaobh tráma, inscne agus leanaí de. Ina theannta sin, ba cheart oiliúint iomchuí maidir le freagairtí tráma éagsúla, lena n-áirítear tuiscint ar reo – freagairt tráma atá coitianta in éigniú agus i mí-úsáid ghnéasach a fhágann nach bhfuil na híospartaigh in ann bogadh agus a fhágann go bhfuil siad teann, socair agus ciúin, a bheith éigeantach.*** Chun ceartas atá fabhrach do leanaí ***agus atá íogair ó thaobh inscne de*** a áirithiú le linn cásanna mí-úsáide gnéasaí leanaí agus teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí a imscrúdú agus a ionchúiseamh, ba cheart an oiliúint sin ***a bheith éigeantach*** do bhaill de na catagóirí

go dtiocfaidh siad ar íospartaigh na mí-úsáide gnéasaí agus an teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí iad ina gcuid oibre.	seo a leanas nuair is dócha go dtiocfaidh siad i dteagmháil le híospartaigh ar leanaí iad: póilíní, ionchúisitheoirí poiblí, dlíodóirí, comhaltaí de na breithiúna agus oifigigh chúirte, pearsanra cúraim leanaí agus sláinte, gairmithe in earnáil an oideachais, lena n-áirítear san oideachas agus cúram luath-óige, seirbhísí sóisialta, soláthraithe tacaíochta íospartach agus seirbhísí ceartais aisiríoch, ach d'fhéadfadh baint a bheith acu freisin le grúpaí eile daoine ar dócha go dtiocfaidh siad ar íospartaigh na mí-úsáide gnéasaí agus an teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí iad ina gcuid oibre.

Leasú 30

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 54 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(54a) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar sonraí a bhailiú agus a thuairisciú go córasach, sonraí atá imdhealaithe de réir gnéis/inscne, aoisghrúpa (leanbh/duine fásta) an íospartaigh agus an chiontóra, an chaidrimh idir an t-íospartach agus an ciontóir agus chineál an chiona, an raibh an t-íospartach faoi mhíchumas, agus an comhthéacs inar tharla an cion, agus maidir le cineálacha trasnacha idirdhealaithe agus saintréithe sochdhéimeagrafacha ábhartha eile, agus meastóireacht a dhéanamh orthu chun cosc éifeachtach a chur chun feidhme agus chun mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chomhrac. Tá ríthábhacht leis na sonraí sin chun anailís a dhéanamh ar thionchair éagsúla na gcoireanna sin ar bhuachaillí agus ar chailíní agus chun straitéisí coisctheacha spriocdhírithe fianaise-bhunaithe agus bearta tacaíochta a fhorbairt atá saincheaptha dá riachtanais shonracha. Ba cheart do na

	Ballstáit bailiú sonraí atá imdhealaithe ó thaobh gnéis agus inscne de a ionchorprú freisin mar chuid de na bearta náisiúnta bailithe sonraí chun meastóireacht a dhéanamh ar imthosca géaraitheacha. Tabharfaidh sé sin léargas ar threochtaí inscne-shonracha i mí-úsáid ghnéasach agus beidh sé mar bhonn eolais do straitéisí coisctheacha agus do choigeartuithe beartais amach anseo.

Leasú 31

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2a) ciallaíonn 'toiliú an linbh atá os cionn aois an toilithe ghnéasaigh' aon léiriú a thugtar faoi shaoirse, atá sainráite, feasach agus gan débhrí, ar chomhaontú an linbh le gníomh gnéasach, i gcomhthéacs na n-imthosca lena mbaineann mar thoradh ar shaorthoil a bheith á feidhmiú ag an leanbh lena mbaineann;

Leasú 32

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 3 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) aon ábhar ina léirítear leanbh agus é rannpháirteach in iompar gáirsiúil, bíodh an t-iompar sin fíor nó ionsamhlaithe;	(a) aon ábhar ina léirítear leanbh agus é rannpháirteach in iompar gáirsiúil, bíodh an t-iompar sin fíor nó ionsamhlaithe***, lena n-áirítear ábhar a chruthaítear trí úsáid a bhaint as an intleacht shaorga, teicneolaíochtaí domhainbhrionnúcháin, nó suíomhanna réaltachta fíorúla nó suíomhanna breisithe nó leathnaithe***;

Leasú 33

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) léiriú de ghnéasorgáin linbh go príomha chun críoch gnéasach;	(b) léiriú de ghnéasorgáin ***bhall giniúna nó anasach linbh*** go príomha chun críoch gnéasach;

Leasú 34

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) ábhar lena ndéantar gnéasú ar leanbh agus atá beartaithe chun críoch gnéasach, gan díriú ar bhall giniúna nó anasach linbh ná gan léiriú a dhéanamh ar leanbh atá rannpháirteach in iompar gáirsiúil fíor nó ionsamhlaithe;

Leasú 35

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 3 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) íomhánna, macasamhlacha nó léirithe réalaíocha de leanbh atá rannpháirteach in iompar gáirsiúil nó de ghnéasorgáin linbh, go príomha chun críoch gnéasach;	(d) íomhánna, macasamhlacha nó léirithe réalaíocha de leanbh***, gan beann ar ghnéithe neamhréalaíocha eile arna léiriú sa bhreis ar an leanbh,*** atá rannpháirteach in iompar gáirsiúil nó de ghnéasorgáin linbh, go príomha chun críoch gnéasach;

Leasú 36

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(3a) ciallaíonn 'lámhleabhar treoracha mí-úsáide gnéasaí leanaí' aon ábhar, gan

	beann ar a fhoirm, a bhfuil sé beartaithe leis comhairle, treoraíocht nó treoracha a sholáthar maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí nó teacht i dtír gnéasach nó sirtheoireacht leanaí a dhéanamh;

Leasú 37

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) ciallaíonn ‘ teacht i dtír ar leanaí sa striapachas’ leanbh a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí gnéasacha i gcás ina ndéantar airgead nó aon chineál eile luacha saothair nó comaoin a thabhairt nó a ghealladh mar mhalairt ar an leanbh a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí gnéasacha, gan beann ar cé acu don leanbh nó do thríú páirtí a thugtar an íocaíocht, an gealltanas nó an chomaoin sin;	(4) ciallaíonn ‘teacht i dtír ***gnéasach*** ar leanaí sa striapachas’ leanbh a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí gnéasacha i gcás ina ndéantar airgead nó aon chineál eile luacha saothair, ***brabúis, buntáiste, tairbhe nó comaoine*** a thabhairt nó a ghealladh mar mhalairt ar an leanbh a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí gnéasacha, gan beann ar cé acu don leanbh nó do thríú páirtí a thugtar an íocaíocht, an gealltanas***, an brabús, an buntáiste, an tairbhe*** nó an chomaoin sin;

Leasú 38

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) ciallaíonn ‘taispeántas mí-úsáide gnéasaí leanaí ’ taispeántas beo a dhírítear ar lucht féachana, lena n-áirítear trí bhíthin teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, de:	(5) ciallaíonn ‘taibhiú mí-úsáide gnéasaí leanaí’ taispeántas beo a dhírítear ar lucht féachana ***ina bhfuil duine amháin nó níos mó ná duine amháin i gceist***, lena n-áirítear trí bhíthin teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, de:

Leasú 39

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(5a) ciallaíonn 'comhéigean gnéis leanaí' an t-iompar lena ndéantar bagairt ábhar dlúthchaidrimh a chomhroinnt ina dtaispeántar an t-íospartach linbh chun airgead, ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí nó aon tairbhe eile a fháil faoin mbagairt go roinnfí an t-ábhar; d'fhéadfadh foréigean inscnebhunaithe a bheith i gceist le comhéigean gnéis leanaí;

Leasú 40

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(5b) ciallaíonn 'mealltóireacht' an próiseas chun caidreamh a bhunú nó a fhorbairt le leanbh go pearsanta nó trí úsáid a bhaint as an idirlíon nó as teicneolaíochtaí digiteacha eile chun teagmháil ghnéasach ar líne nó ar an láthair a éascú;

Leasú 41

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(5c) ciallaíonn 'teiripe tiontaithe' aon chóireáil arb é is aidhm di gnéaschlaonadh nó féiniúlacht inscne duine a athrú;

Leasú 42

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

(8) ciallaíonn ‘piaraí’ daoine atá gar dá chéile ó thaobh aoise agus leibhéal forbartha síceolaíche agus fisiciúla de, ***nó*** ó thaobh aoise agus leibhéal aibíochta síceolaíche agus fisiciúla de.	(8) ciallaíonn ‘piaraí’ daoine atá gar dá chéile ó thaobh aoise agus leibhéal forbartha síceolaíche agus fisiciúla de, ***agus*** ó thaobh aoise agus leibhéal aibíochta síceolaíche agus fisiciúla de.

Leasú 43

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(8a) ciallaíonn ‘teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide’ na huirlisí agus na hacmhainní teicneolaíocha go léir a úsáidtear chun faisnéis a stóráil, a chruthú, a chomhroinnt nó a mhalartú go digiteach, lena n-áirítear fóin chliste, ríomhairí, líonrú sóisialta agus feidhmchláir agus seirbhísí meán eile;

Leasú 44

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(8b) ciallaíonn ‘óstáil’ seirbhís óstála a sholáthar mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (g)(iii) de Rialachán (AE) 2022/2065;

Leasú 45

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cionta a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach	Cionta a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach ***leanaí***

Leasú 46

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh an t-iompar dá dtagraítear i míreanna 2 go 8 inphionóis.	1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh an t-iompar dá dtagraítear i míreanna 2 go 8 inphionóis ***gan beann ar cé acu a rinneadh é go fisiciúil nó trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide.***

Leasú 47

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Iompar lena gcuirtear faoi deara do leanbh ***nach bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe aige a bheith*** mar fhinné ar mhí-úsáid ghnéasach, chun críoch gnéasach, fiú gan iallach a bheith air a bheith rannpháirteach inti, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 2 bhliain ar a laghad.	3. Iompar lena gcuirtear faoi deara do leanbh a bheith mar fhinné ar mhí-úsáid ghnéasach, chun críoch gnéasach, fiú gan iallach a bheith air a bheith rannpháirteach inti, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 2 bhliain ar a laghad.

Leasú 48

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí gnéasacha le leanbh nach bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe aige nó é a chur faoi deara don leanbh páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí gnéasacha le duine eile, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 8 mbliana ar a laghad.	4. Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí gnéasacha le leanbh nach bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe aige nó é a chur faoi deara don leanbh páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí gnéasacha le duine eile ***nó leis féin nó le réad***, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 8 mbliana ar a laghad.

Leasú 49

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 5 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) má bhaintear mí-úsáid as seasamh aitheanta iontaoibhe, as údarás nó as an tionchar ar leanbh atá ag duine, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 10 mbliana ar a laghad ***mura bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe ag an leanbh, agus le téarma príosúnachta 6 bliana ar a laghad má tá an leanbh os cionn na haoise sin***; nó	(a) **má bhaintear mí-úsáid as seasamh aitheanta iontaoibhe, as údarás nó as an tionchar ar leanbh atá ag duine, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 10 mbliana ar a laghad**; nó

Leasú 50

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 5 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) má bhaintear mí-úsáid as staid an-leochaileach an linbh, go háirithe mar gheall ar mhíchumas meabhrach nó fisiciúil nó mar gheall ar staid spleáchais, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 10 mbliana ar a laghad ***mura bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe ag an leanbh, agus le téarma príosúnachta 6 bliana ar a laghad má tá an leanbh os cionn na haoise sin***; nó	(b) má bhaintear mí-úsáid as staid an-leochaileach an linbh, go háirithe mar gheall ar mhíchumas meabhrach nó fisiciúil***, amhail, ach gan a bheith teoranta do, riocht neamh-chomhfhiosachta, meisce, reo, tinneas, codladh, eagla nó díobháil choirp,*** nó mar gheall ar staid spleáchais***, cónaí a bheith air i dtimpeallacht institiúidithe nó leanbh a bhfuil a shaoirse bainte de,*** beidh an mhí-úsáid sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 10 mbliana ar a laghad; nó

Leasú 51

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 5 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) má bhaintear úsáid as comhéigean, forneart nó bagairtí, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 12 bhliain ar a laghad ***mura bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe ag an leanbh, agus le téarma***	(c) má bhaintear úsáid as comhéigean, ***sracadh,*** forneart nó bagairtí, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 12 bhliain ar a laghad.

príosúnachta 7 mbliana ar a laghad má tá an leanbh os cionn na haoise sin.

Leasú 52

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Má chuirtear iallach le comhéigean, forneart nó bagairt ar leanbh a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí gnéasacha le tríú páirtí, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 12 bhliain ar a laghad ***mura bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe ag an leanbh, agus le téarma príosúnachta 7 mbliana ar a laghad má tá an leanbh os cionn na haoise sin***.	6. Má chuirtear iallach le comhéigean, forneart nó bagairt ar leanbh a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí gnéasacha le tríú páirtí, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 12 bhliain ar a laghad.

Leasú 53

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 7 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) a chur faoi deara do leanbh atá faoin aois toilithe gnéis caidreamh a dhéanamh le duine eile in aon ghníomh treá faighne, anasaigh nó béil de chineál gnéasach, le haon bhall den chorp nó le haon réad.	(b) a chur faoi deara do leanbh atá faoin aois toilithe gnéis caidreamh a dhéanamh le duine eile ***nó leis féin nó le réad*** in aon ghníomh treá faighne, anasaigh nó béil de chineál gnéasach, le haon bhall den chorp nó le haon réad.

Leasú 54

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
8. I gcás ina mbeidh an leanbh os cionn na haoise toilithe gnéis agus nach dtoileoidh sé leis an ngníomh, beidh an t-iompar dá dtagraítear i mír 7 inphionóis le	8. I gcás ina mbeidh an leanbh os cionn na haoise toilithe gnéis agus nach dtoileoidh sé leis an ngníomh, beidh an t-iompar dá dtagraítear i mír 7 inphionóis le

huastéarma príosúnachta ***10*** mbliana ar a laghad.	huastéarma príosúnachta ***12*** mbliana ar a laghad.

Leasú 55

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 9 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) tuigtear gur gníomh neamhthoiliúil é gníomh a dhéantar gan toiliú an linbh á thabhairt dá dheoin féin, de thoradh saorthoil an linbh arna mheasúnú i gcomhthéacs na n-imthosca, nó i gcás nach bhfuil an leanbh in ann saorthoil a thabhairt mar gheall ar imthosca dá dtagraítear i mír 5, nó mar gheall ar imthosca eile, lena n-áirítear riocht fisiciúil nó meabhrach an linbh amhail riocht neamh-chomhfhiosachta, meisce, reo, tinnis ***nó*** díobhála coirp;	(a) ***tabharfar an toiliú go deonach mar thoradh ar shaorthoil agus déanfar measúnú air i gcomhthéacs na n-imthosca;*** tuigtear gur gníomh neamhthoiliúil é gníomh a dhéantar gan toiliú ***sainráite*** an linbh á thabhairt dá dheoin féin, de thoradh saorthoil an linbh arna measúnú i gcomhthéacs na n-imthosca lena mbaineann, nó i gcás nach bhfuil an leanbh in ann saorthoil a thabhairt mar gheall ar imthosca dá dtagraítear i mír 5, nó mar gheall ar imthosca eile, lena n-áirítear riocht fisiciúil nó meabhrach an linbh amhail riocht neamh-chomhfhiosachta***, codladh, eagla,*** meisce***, tíolacadh ceimiceach***, reo, tinneas, díobháil choirp***, míchumas nó a bheith i staid atá an-leochaileach seachas sin***;

Leasú 56

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 9 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) ní féidir ***an easpa toilithe a bhréagnú go heisiach mar gheall ar an leanbh a bheith ina thost, toisc nár chuir sé in aghaidh an ghnímh go briathartha nó go fisiciúil, nó mar gheall ar a iompar gnéasach san am a chuaigh thart***.	(c) ní féidir ***a mheas gurb ionann toiliú a bheith tugtha agus tost an linbh, easpa iarracht an linbh cur i gcoinne a léiriú bíodh sin ó bhéal nó go fisiciúil nó iompar gnéasach a rabhthas rannpháirteach ann ná aon chaidreamh atá nó a bhí ag an leanbh le ciontóir***.

Leasú 57

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 4 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Má chuirtear faoi deara do leanbh a bheith rannpháirteach i dtaispeántais mí-úsáide gnéasaí leanaí , nó má bhaintear brabús as leanbh nó má thagtar i dtír air ar bhealach eile chun na gcríoch sin, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 5 bliana ar a laghad ***mura bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe ag an leanbh, agus le téarma príosúnachta 2 bhliain ar a laghad má tá an leanbh os cionn na haoise sin***.	2. Má chuirtear faoi deara do leanbh a bheith rannpháirteach i dtaibhiú mí-úsáide gnéasaí leanaí , nó má bhaintear brabús as leanbh nó má thagtar i dtír air ar bhealach eile chun na gcríoch sin, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 5 bliana ar a laghad.

Leasú 58

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 4 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Má chuirtear iallach le comhéigean nó le forneart ar leanbh a bheith rannpháirteach i dtaispeántais mí-úsáide gnéasaí leanaí , nó má dhéantar bagairt ar leanbh chun na gcríoch sin, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 8 mbliana ar a laghad ***mura bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe ag an leanbh, agus le téarma príosúnachta 5 bliana ar a laghad má tá an leanbh os cionn na haoise sin***.	3. Má chuirtear iallach le comhéigean nó le forneart ar leanbh a bheith rannpháirteach i dtaibhiú mí-úsáide gnéasaí leanaí , nó má dhéantar bagairt ar leanbh chun na gcríoch sin, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 8 mbliana ar a laghad.

Leasú 59

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 4 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Má fhreastalaíonn duine go feasach ar thaispeántais mí-úsáide gnéasaí leanaí lena mbaineann rannpháirteachas linbh, beidh sé sin inphionóis le huastéarma	4. Má fhreastalaíonn duine go feasach ar thaibhiú mí-úsáide gnéasaí leanaí lena mbaineann rannpháirteachas linbh, beidh sé sin inphionóis le huastéarma

príosúnachta 2 bhliain ar a laghad ***mura bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe ag an leanbh, agus le téarma príosúnachta aon bhliain amháin ar a laghad má tá an leanbh os cionn na haoise sin***.	príosúnachta 2 bhliain ar a laghad.

Leasú 60

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 4 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Má chuirtear faoi deara do leanbh páirt a ghlacadh i dteacht i dtír sa striapachas , nó má bhaintear brabús as leanbh nó má thagtar i dtír air ar bhealach eile chun na gcríoch sin, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 8 mbliana ar a laghad ***mura bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe ag an leanbh, agus téarma príosúnachta 5 bliana ar a laghad má tá an leanbh os cionn na haoise sin***.	5. Má chuirtear faoi deara do leanbh páirt a ghlacadh i dteacht i dtír sa striapachas , nó má bhaintear brabús as leanbh nó má thagtar i dtír air ar bhealach eile chun na gcríoch sin, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 8 mbliana ar a laghad.

Leasú 61

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 4 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Má chuirtear iallach le comhéigean nó le forneart ar leanbh a bheith rannpháirteach i dteacht i dtír sa striapachas , nó má dhéantar bagairt ar leanbh chun na gcríoch sin, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 10 mbliana ar a laghad ***mura bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe ag an leanbh, agus le téarma príosúnachta 5 bliana ar a laghad má tá an leanbh os cionn na haoise sin***.	6. Má chuirtear iallach le comhéigean nó le forneart ar leanbh a bheith rannpháirteach i dteacht i dtír sa striapachas , nó má dhéantar bagairt ar leanbh chun na gcríoch sin, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 10 mbliana ar a laghad.

Leasú 62

Togra le haghaidh Treorach

Airteagal 4 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Má ghlactar páirt i ngníomhaíochtaí gnéasacha le leanbh, i gcás ina ndéantar teacht i dtír sa striapachas , beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 8 mbliana ar a laghad ***mura bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe ag an leanbh, agus le téarma príosúnachta 4 bliana ar a laghad má tá an leanbh os cionn na haoise sin***.	7. Má ghlactar páirt i ngníomhaíochtaí gnéasacha le leanbh, i gcás ina ndéantar teacht i dtír sa striapachas , beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 8 mbliana ar a laghad.

Leasú 63

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 4 – mír 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	7a. Má chuirtear iallach le comhéigean nó le forneart ar leanbh ábhar dlúthchaidrimh a chomhroinnt ina léirítear an leanbh faoin mbagairt go roinnfí an t-ábhar, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 8 mbliana ar a laghad.

Leasú 64

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 4 – mír 7 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	7b. Má chuirtear iallach le comhéigean nó le forneart ar leanbh páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí gnéasacha eile le linn teiripe tiontaithe, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta aon bhliain amháin ar a laghad.

Leasú 65

Togra le haghaidh Treorach

Airteagal 7 – mír 7 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	7c. Má dhéantar mealltóireacht ar leanbh d'fhonn go nglacfaidh sé páirt i ngníomhaíochtaí gnéasacha, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 8 mbliana ar a laghad.

Leasú 66

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Má dhéantar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a dháileadh, a scaipeadh nó a tharchur, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 2 bhliain ar a laghad.	4. Má dhéantar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a dháileadh, a scaipeadh nó a tharchur ***trí aon mhodh***, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 2 bhliain ar a laghad.

Leasú 67

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Má dhéantar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a thairiscint, a sholáthar nó a chur ar fáil, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 2 bhliain ar a laghad.	5. Má dhéantar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ***a óstáil***, a thairiscint, a sholáthar nó a chur ar fáil ***trí aon mhodh***, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 2 bhliain ar a laghad.

Leasú 68

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 5a
	Cionta a bhaineann le lámhleabhair

	treoracha mí-úsáide gnéasaí leanaí
	1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh an t-iompar d'aon ghnó dá dtagraítear i míreanna 2 go 4, i gcás ina ndéanfar gan cheart é, inphionóis.
	2. Má dhéantar lámhleabhair treoracha mí-úsáide gnéasaí leanaí a dháileadh nó a scaipeadh, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 2 bhliain ar a laghad.
	3. Má dhéantar lámhleabhair treoracha mí-úsáide gnéasaí leanaí a thairiscint, a sholáthar nó a chur ar fáil, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 2 bhliain ar a laghad.
	4. Má dhéantar lámhleabhair treoracha mí-úsáide gnéasaí leanaí a tháirgeadh, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 3 bliana ar a laghad.
	5. Beidh feidhm mutatis mutandis ag Airteagal 5(7) agus (8) maidir le lámhleabhair treoracha mí-úsáide gnéasaí leanaí.

Leasú 69

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 6 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) tairiscint a dhéanamh , trí bhíthin teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, bualadh le leanbh , ar líne nó go pearsanta , d'fhonn ceann ar bith de na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3(4) , (5), (6) ***agus*** (7) agus in Airteagal 5(6) a dhéanamh, i gcás ina ndearnadh gníomhartha ábhartha i ndiaidh na tairisceana sin as a leanfaidh teacht le chéile den sórt sin, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta aon bhliain amháin ar a laghad;	(a) tairiscint a dhéanamh , trí bhíthin teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, bualadh le leanbh , ar líne nó go pearsanta , d'fhonn ceann ar bith de na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3(4), (5), (6), ***(7), (8), Airteagal 4(2), (3), (5), (6) agus Airteagal*** 5(6) a dhéanamh, i gcás ina ndearnadh gníomhartha ábhartha i ndiaidh na tairisceana sin as a leanfaidh teacht le chéile den sórt sin, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta aon bhliain amháin ar a laghad;

Leasú 70

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 6 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) An t-iompar dá dtagraítear sa chéad fhomhír, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 2 bhliain ar a laghad i gcás ina mbaintear úsáid as comhéigean, forneart nó bagairtí.	(b) An t-iompar dá dtagraítear sa chéad fhomhír, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 2 bhliain ar a laghad i gcás ina mbaintear úsáid as comhéigean, forneart, bagairtí***, imeaglú nó mealltóireacht***.

Leasú 71

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Maidir le hiarracht a bheith déanta ag duine fásta, trí bhíthin teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, na cionta dá bhforáiltear in Airteagal 5(2) agus (3) maidir le sirtheoireacht a dhéanamh ar leanbh chun ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a sholáthar , déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh sé inphionóis le huastéarma príosúnachta 6 mhí ar a laghad .	Maidir le hiarracht a bheith déanta ag duine fásta, trí bhíthin teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, na cionta dá bhforáiltear in Airteagal 5(2)***, (3) agus (6)*** maidir le sirtheoireacht a dhéanamh ar leanbh chun ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a sholáthar , déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh sé inphionóis le huastéarma príosúnachta 6 mhí ar a laghad .

Leasú 72

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 7 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Maidir le hairgead nó aon chineál eile luacha saothair nó comaoin a ghealladh d'aon ghnó nó a thabhairt d'aon duine, chun é a chur faoi deara dó aon cheann de na cionta a liostaítear in Airteagal 3(4), (5),(6), (7), agus (8), Airteagal 4(2) agus	Maidir le hairgead nó aon chineál eile luacha saothair nó comaoin a ghealladh d'aon ghnó nó a thabhairt d'aon duine, chun é a chur faoi deara dó aon cheann de na cionta a liostaítear in Airteagal 3(4), (5),(6), (7), agus (8), Airteagal 4(2)***, (3),***

(3) agus Airteagal 5(6) a dhéanamh, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 3 bliana ar a laghad.	***(5), (6), (7)*** agus Airteagal 5(6) a dhéanamh, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 3 bliana ar a laghad.

Leasú 73

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 10 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. ***Is faoi rogha na mBallstát a bheidh sé cinneadh a dhéanamh an bhfuil*** feidhm ag Airteagal 3(2) agus (4) maidir le gníomhaíochtaí gnéasacha comhthoiliúla idir piaraí, a mhéid nár bhain aon mhí-úsáid leis na gníomhartha sin.	1. ***Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh*** feidhm ag Airteagal 3(2)***, (4) agus (7)*** maidir le gníomhaíochtaí gnéasacha comhthoiliúla idir piaraí, a mhéid nár bhain aon mhí-úsáid leis na gníomhartha sin ***ná aon ghníomh eile atá bunaithe ar fhoréigean gnéasach***.

Leasú 74

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 10 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Is faoi rogha na mBallstát a bheidh sé cinneadh a dhéanamh an bhfuil feidhm ag Airteagal 4(4) maidir le taispeántas a bheidh ar siúl i gcomhthéacs caidrimh chomhthoiliúil i gcás ina bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe ag an leanbh nó idir piaraí , a mhéid nár bhain aon mhí-úsáid ná teacht i dtír leis na gníomhartha agus nach dtabharfar aon airgead ná aon fhoirm eile luacha saothair ná comaoine mar íocaíocht mar mhalairt ar an taispeántas.	2. Is faoi rogha na mBallstát a bheidh sé cinneadh a dhéanamh an bhfuil feidhm ag Airteagal 4(4) maidir le taibhiú a bheidh ar siúl i gcomhthéacs caidrimh chomhthoiliúil i gcás ina bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe ag an leanbh nó idir piaraí , a mhéid nár bhain aon mhí-úsáid ná teacht i dtír***, forneart, comhéigean, bagairtí nó imeaglú*** leis na gníomhartha agus nach dtabharfar aon airgead ná aon fhoirm eile luacha saothair ná comaoine mar íocaíocht mar mhalairt ar an taibhiú.

Leasú 75

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 10 – mír 3 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
i gcás ina dtáirgtear agus a sealbhaítear an t-ábhar sin le toiliú na leanaí lena mbaineann agus le haghaidh úsáid phríobháideach na ndaoine lena mbaineann agus le haghaidh na húsáide sin amháin, a mhéid nár bhain aon mhí-úsáid leis na gníomhartha.	i gcás ina dtáirgtear agus a sealbhaítear an t-ábhar sin le toiliú na leanaí lena mbaineann agus le haghaidh úsáid phríobháideach na ndaoine lena mbaineann agus le haghaidh na húsáide sin amháin, a mhéid nár bhain aon mhí-úsáid***, teacht i dtír, forneart, comhéigean, bagairtí nó imeaglú*** leis na gníomhartha.

Leasú 76

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 10 – mír 5 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Chun críoch mhíreanna 1 go 4, ní féidir a mheas gur thoiligh leanbh atá os cionn na haoise toilithe gnéis le gníomhaíocht ach amháin i gcás inar thug an leanbh an toiliú dá dheoin féin, de thoradh saorthoil an linbh arna mheasúnú i gcomhthéacs na n-imthosca.	Chun críche míreanna 1 go 4, ní féidir a mheas go bhfuil toiliú tugtha ag leanbh atá os cionn na haoise toilithe gnéis le gníomhaíocht ach amháin i gcás inar thug an leanbh an toiliú ***go sainráite agus*** dá dheoin féin, de thoradh shaorthoil an linbh arna measúnú i gcomhthéacs na n-imthosca.

Leasú 77

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 10 – mír 5 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní féidir ***an easpa toilithe a bhréagnú go heisiach mar gheall ar an leanbh a bheith ina thost, toisc nár chuir sé in aghaidh an ghnímh go briathartha nó go fisiciúil, nó mar gheall ar a iompar san am a chuaigh thart***.	ní féidir ***a mheas gurb ionann toiliú a bheith tugtha agus tost an linbh, easpa iarracht an linbh cur i gcoinne a léiriú bíodh sin ó bhéal nó go fisiciúil nó iompar a rabhthas rannpháirteach ann ná aon chaidreamh atá nó a bhí ag an leanbh le ciontóir***.

Leasú 78

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 10 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Ní féidir comhroinnt chomhthoiliúil íomhánna nó físeán dlúthchaidrimh duine a léirmhíniú mar thoiliú i leith ath-chomhroinnt nó athscaipeadh na híomhá céanna sin.	6. Ní féidir ***táirgeadh comhthoiliúil agus*** comhroinnt chomhthoiliúil íomhánna, físeán ***nó ábhar comhchosúil*** dlúthchaidrimh duine a léirmhíniú mar thoiliú i leith ath-chomhroinnt nó athscaipeadh na híomhá céanna sin ***nó an fhíseáin chéanna sin nó i leith ábhar comhchosúil***.

Leasú 79

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 11 –mír 1 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) má rinneadh an cion i láthair leanbh eile;

Leasú 80

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 11 – mír 1 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(g) má bhain foréigean tromchúiseach leis an gcion nó má rinneadh díobháil thromchúiseach don leanbh leis ;	(g) má bhain foréigean tromchúiseach leis an gcion nó má rinneadh díobháil thromchúiseach ***fhisiciúil agus/nó shíceolaíoch*** don leanbh leis;

Leasú 81

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 11 – mír 1 – pointe g a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ga) má tháinig míchumas ar an leanbh mar thoradh ar an gcion;

Leasú 82

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe h

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(h) má rinneadh an cion arís agus arís eile;	(h) má rinneadh an cion arís agus arís eile ***agus/nó ar bhonn leanúnach thar thréimhse ama***;

Leasú 83

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 11 – mír 1 – pointe h a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ha) más é a bhí i gceist leis an gcion ná 'onóir' duine, teaghlaigh, pobail nó grúpa chomhchosúil eile, mar a thugtar air, a chaomhnú nó a athbhunú;

Leasú 84

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 11 – mír 1 – pointe j a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ja) má bhí idirdhealú mar bhonn leis an gcion ar fhorais inscne, chine, datha, bunúis eitnigh nó shóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiúin nó creidimh, tuairime polaitiúla nó aon tuairim eile, bhallraíochta de mhionlach náisiúnta, mhaoine, bhreithe, mhíchumais, aoise nó claonta ghnéasaigh;

Leasú 85

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 11 – mír 1 – pointe j b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(jb) má tá iallach curtha ag an

	gciontóir, trí fhorneart nó trí chomhéigean, ar dhuine amháin eile nó níos mó páirt a ghlacadh sa chion;

Leasú 86

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 11 – mír 1 – pointe j c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(jc) má rinneadh an cion le linn teiripe tiontaithe.

Leasú 87

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Chun an riosca go ndéanfaí cionta arís a sheachaint, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfar duine nádúrtha a ciontaíodh in aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9 a chosc go sealadach nó go buan, ar a laghad ó ghníomhaíochtaí gairmiúla a dhéanamh lena mbaineann teagmháil dhíreach agus rialta le leanaí.	1. Chun an riosca go ndéanfaí cionta arís a sheachaint, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfar duine nádúrtha a ciontaíodh in aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9 a chosc go sealadach nó go buan, ar a laghad ó ghníomhaíochtaí gairmiúla ***agus gníomhaíochtaí eagraithe deonacha*** a dhéanamh lena mbaineann teagmháil dhíreach agus rialta le leanaí.

Leasú 88

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 16 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun ionchúiseamh aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3, in Airteagal 4(2), (3), (5), (6) agus (7) , aon cheann de na cionta tromchúiseacha dá dtagraítear in Airteagal 5(6) i gcás ina bhfuil úsáid bainte as ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí dá	Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun ionchúiseamh aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3, in Airteagal 4(2), (3), (5), (6) agus (7) , aon cheann de na cionta tromchúiseacha dá dtagraítear in Airteagal 5(6) i gcás ina bhfuil úsáid bainte as ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí dá

dtagraítear in Airteagal 2 , pointí (3)(a) agus (b) , agus aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 7 agus 8 a chumasú ar feadh tréimhse ama tar éis don íospartach lán-aois a bhaint amach a bheidh leordhóthanach agus a bheidh i gcomhréir le tromchúis an chiona lena mbaineann.	dtagraítear in Airteagal 2 , pointí (3)(a) agus (b) , agus aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 7 agus 8 a chumasú ar feadh tréimhse ama tar éis don íospartach lán-aois a bhaint amach a bheidh leordhóthanach ***chun ceart gach íospartaigh rochtain a fháil ar an gceartas a ráthú*** agus a bheidh i gcomhréir le tromchúis an chiona lena mbaineann.

Leasú 89

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 16 – mír 2 – fomhír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ar a laghad ***20*** bliain ón dáta a shroich an t-íospartach an lán-aois i gcás na gcionta atá inphionóis le téarma príosúnachta 3 bliana ar a laghad faoin Treoir seo;	(a) ***30 bliain ar a laghad ón dáta ar a bhfuil lán-aois slánaithe ag an íospartach i gcás na gcionta atá inphionóis le pionós uasta arb ionann é agus téarma príosúnachta 3 bliana ar a laghad faoin Treoir seo***;

Leasú 90

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 16 – mír 2 – fomhír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ar a laghad ***25*** bliana ón dáta a shroich an t-íospartach an lán-aois i gcás na gcionta atá inphionóis le téarma príosúnachta 5 bliana ar a laghad faoin Treoir seo;	(b) ***35 bliana ar a laghad ón dáta ar a bhfuil lán-aois slánaithe ag an íospartach i gcás na gcionta atá inphionóis le pionós uasta arb ionann é agus téarma príosúnachta 5 bliana ar a laghad faoin Treoir seo***;

Leasú 91

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 16 – mír 2 – fomhír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) ***ar a laghad 30 bliain ón dáta a***	(c) ***ní chuirfear aon tréimhse***

shroich an t-íospartach an lán-aois i gcás na gcionta atá inphionóis le téarma príosúnachta 8 mbliana ar a laghad faoin Treoir seo.

theorann i bhfeidhm i gcás na gcionta atá inphionóis le téarma príosúnachta 8 mbliana ar a laghad faoin Treoir seo.

Leasú 92

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 16 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Áiritheoidh na Ballstáit maidir le daoine, aonaid nó seirbhísí a dhéanann na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9 a imscrúdú agus ionchúiseamh, go mbeidh dóthain foirne, saineolais agus uirlisí imscrúdaitheacha éifeachtacha acu chun na coireanna sin, lena n-áirítear coireanna a dhéantar trí bhíthin teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, a imscrúdú agus a ionchúiseamh go héifeachtach i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta. I gcás inarb iomchuí, áireofar leis na huirlisí sin uirlisí imscrúdaitheacha speisialta, amhail na huirlisí sin a úsáidtear chun coireacht eagraithe nó cásanna eile coireachta tromchúisí a chomhrac, mar shampla an fhéidearthacht imscrúduithe faoi cheilt a dhéanamh.	4. Áiritheoidh na Ballstáit maidir le daoine, aonaid nó seirbhísí a dhéanann na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9 a imscrúdú agus ionchúiseamh, go mbeidh dóthain foirne, saineolais agus uirlisí imscrúdaitheacha éifeachtacha acu chun na coireanna sin, lena n-áirítear coireanna a dhéantar trí bhíthin teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, a imscrúdú agus a ionchúiseamh go héifeachtach i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta. I gcás inarb iomchuí, áireofar leis na huirlisí sin ***saineolaithe fóiréinseacha síceolaíocha agus*** uirlisí imscrúdaitheacha speisialta, amhail na huirlisí sin a úsáidtear chun coireacht eagraithe nó cásanna eile coireachta tromchúisí a chomhrac, mar shampla an fhéidearthacht imscrúduithe faoi cheilt a dhéanamh.

Leasú 93

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 17 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear gach gairmí agus oibrí deonach atá ag obair i ndlúth-theagmháil le leanaí ar an eolas agus go gcuirfear oiliúint orthu maidir le conas mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a shainaithint agus a thuairisciú,

agus leas an linbh á chur san áireamh.

Leasú 94

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 18 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. I dteannta cearta íospartach nuair atá gearrán á dhéanamh acu faoi Airteagal 5 de Threoir 2012/29/AE, agus Airteagal 5a faoi Threoir (AE) .../... [Treoir atá beartaithe lena leasaítear Treoir 2012/29 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta], áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh íospartaigh in ann na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9 den Treoir seo a thuairisciú do na húdaráis inniúla ar bhealach éasca agus inrochtana. Áireofar leis sin an fhéidearthacht na cionta coiriúla sin a thuairisciú, agus fianaise a chur isteach nuair is féidir, trí bhíthin teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide ar féidir teacht orthu go héasca agus atá soláimhsithe.	1. I dteannta cearta íospartach nuair atá gearrán á dhéanamh acu faoi Airteagal 5 de Threoir 2012/29/AE, agus Airteagal 5a faoi Threoir (AE) .../... [Treoir atá beartaithe lena leasaítear Treoir 2012/29 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta], áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh íospartaigh in ann na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9 den Treoir seo a thuairisciú do na húdaráis inniúla ***trí shásraí éagsúlaithe*** ar bhealach éasca agus inrochtana. Áireofar leis sin an fhéidearthacht na cionta coiriúla sin a thuairisciú, agus fianaise a chur isteach nuair is féidir, trí bhíthin teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide ar féidir teacht orthu go héasca agus atá soláimhsithe.

Leasú 95

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 18 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na nósanna imeachta tuairiscithe dá dtagraítear i mír 1 sábháilte, rúnda agus deartha ar bhealach agus i bhfriotal atá fabhrach do leanaí, i gcomhréir lena n-aois agus lena n-aibíocht. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh an tuairisciú coinníollach ar thoiliú tuismitheora.	2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na nósanna imeachta tuairiscithe dá dtagraítear i mír 1 sábháilte, rúnda agus deartha ar bhealach agus i dteanga atá fabhrach do leanaí***, inrochtana agus íogair ó thaobh inscne agus tráma de*** i gcomhréir ***le haois agus le haibíocht an íospartaigh***. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh an tuairisciú coinníollach ar thoiliú tuismitheora.

Leasú 96

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 20 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Íospartaigh na gcionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9 ar leanaí iad, tabharfar cúnamh, tacaíocht agus cosaint dóibh i gcomhréir le hAirteagail 21 agus 22 , agus leas an linbh á chur san áireamh.	1. Íospartaigh na gcionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9 ar leanaí iad, tabharfar cúnamh, tacaíocht agus cosaint dóibh i gcomhréir le hAirteagail 21 agus 22, ***agus idirdhealú trasnach féideartha*** agus leas an linbh á ***gcur*** san áireamh.

Leasú 97

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 20 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Áiritheoidh na Ballstáit soláthar seirbhísí cúraim sláinte atá inrochtana go héasca, saor in aisce agus cuimsitheach, lena n-áirítear cúram sláinte gnéis agus atáirgthe d'íospartaigh mí-úsáide gnéasaí nó teacht i dtír gnéasach ar leanaí iad. Áireofar leis na seirbhísí sin rochtain ar ghinmhilleadh sábháilte agus dlíthiúil, frithghiniúint éigeandála, scagthástáil agus próifiolacsas iartheagmhála le haghaidh ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha.

Leasú 98

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 21 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go dtabharfar cúnamh agus tacaíocht speisialaithe agus iomchuí d'íospartaigh ***roimh*** imeachtaí coiriúla, lena linn ***agus ar feadh tréimhse iomchuí***	1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go dtabharfar cúnamh agus tacaíocht speisialaithe agus iomchuí***, lena n-áirítear seirbhísí atá íogair ó thaobh inscne de lena dtugtar aghaidh ar***

tar éis dóibh a bheith tugtha chun críche, chun a chur ar chumas na n-íospartach na cearta a fheidhmiú a leagtar amach i dTreoir 2012/29/AE , i dTreoir (AE) .../... [Treoir atá beartaithe lena leasaítear Treoir 2012/29 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta] agus sa Treoir seo. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain go háirithe ag íospartaigh na gcionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9 ar sheirbhísí tacaíochta spriocdhírithe comhtháite le haghaidh leanaí i gcomhréir le hAirteagal 9a de Threoir (AE) .../... [Treoir atá beartaithe lena leasaítear Treoir 2012/29 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta]. Déanfaidh na Ballstáit, go háirithe, na bearta is gá chun a áirithiú go dtabharfar cosaint do leanaí a dhéanfaidh cásanna mí-úsáide laistigh dá dteaghlach a thuairisciú.

riachtanais shonracha na gcailíní agus na mban, d'íospartaigh ***agus do mharthanóirí a luaithe a dhéantar é a thuairisciú***, le linn imeachtaí coiriúla ***agus chomh fada agus is gá*** tar éis do na himeachtaí coiriúla a bheith tugtha chun críche, chun a chur ar chumas na n-íospartach na cearta a fheidhmiú a leagtar amach i dTreoir 2012/29/AE , i dTreoir (AE) .../... [Treoir atá beartaithe lena leasaítear Treoir 2012/29 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta] agus sa Treoir seo. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain go háirithe ag íospartaigh na gcionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9 ar sheirbhísí tacaíochta spriocdhírithe comhtháite le haghaidh leanaí i gcomhréir le hAirteagal 9a de Threoir (AE) .../... [Treoir atá beartaithe lena leasaítear Treoir 2012/29 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta]. Déanfaidh na Ballstáit, go háirithe, na bearta is gá ***chun cosaint agus tacaíocht shonrach*** a áirithiú do leanaí a dhéanfaidh cásanna mí-úsáide laistigh dá dteaghlach a thuairisciú ***agus aird ar leith á tabhairt ar an bhfíoras go bhféadfadh foréigean inscnebhunaithe a bheith i gceist leis na cásanna sin freisin***.

Leasú 99

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 21 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Bunóidh na Ballstáit struchtúir idirghníomhaireachta ildisciplíneacha atá oiriúnach ó thaobh aoise de chun freagairt do mhí-úsáid ghnéasach leanaí agus do theacht i dtír gnéasach ar leanaí i gcomhréir le caighdeáin samhail Barnahus, lena n-áiritheofar go gcuirfear íogaireachtaí inscne, tráma agus míchumais san áireamh agus iad i dteagmháil le híospartaigh, agus go

	mbeidh gairmithe atá oilte go leordhóthanach mar fhoireann sna hionaid sin.

Leasú 100

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 21 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Tabharfar cúram leighis, tacaíocht mhothúchánach, tacaíocht shíceasóisialta, tacaíocht shíceolaíoch agus tacaíocht oideachasúil atá comhordaithe agus oiriúnach dá n-aois d'íospartaigh, chomh maith le haon tacaíocht iomchuí eile atá saincheaptha do chásanna foréigin teaghlaigh go háirithe.	2. Tabharfar cúram leighis atá ***cuimsitheach, speisialaithe,*** comhordaithe, oiriúnach ó thaobh aoise ***agus riachtanais de agus íogair ó thaobh inscne agus tráma de*** d'íospartaigh, ***lena n-áirítear rochtain ar sheirbhísí cúraim sláinte gnéis agus atáirgthe,*** tacaíocht mhothúchánach, shíceasóisialta, shíceolaíoch***, dhlíthiúil,*** oideachais ***agus riaracháin***, chomh maith le haon tacaíocht iomchuí eile atá saincheaptha go háirithe do chásanna mí-úsáide gnéasaí***, agus aird ar leith á tabhairt ar théarnamh fadtéarmach íospartach agus marthanóirí ar leanaí iad***.

Leasú 101

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 21 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Gheobhaidh íospartaigh, arna iarraidh sin dóibh agus ar bhonn roghnú gan a bheith páirteach, faisnéis maidir le haon chásanna d'ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ina léirítear iad a scaiptear nó a scaipeadh san Aontas.

Leasú 102

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 21 – mír 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2b. Déanfaidh na Ballstáit, go háirithe, gníomhaíochtaí sonracha chun cúnamh agus tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh agus do mharthanóirí atá an-leochaileach, lena n-áirítear mar gheall ar mhíchumas meabhrach nó fisiciúil i gcomhréir le hAirteagal 26(c) de Threoir (AE)…/… [Treoir atá beartaithe lena leasaítear Treoir 2012/29/AE lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh coireanna] den Treoir Athmhúnlaithe maidir le Cearta Íospartach (2023/0250(COD)).

Leasú 103

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 21 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. Cuirfear faisnéis, tacaíocht agus cúnamh ar fáil do theaghlaigh íospartaigh na mí-úsáide gnéasaí atá saincheaptha, oiriúnach ó thaobh aoise de, íogair ó thaobh inscne de, feasach ar thráma agus inrochtana.

Leasú 104

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 21 – mír 9 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ca) á áirithiú go n-áireofar san fhaisnéis a bhaileofar dea-chleachtais maidir le haghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha na gcailíní agus na mban mar íospartaigh mí-úsáide gnéasaí agus teacht i dtír ghnéasaigh;

Leasú 105

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 22 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh íospartaigh ar leanaí iad i dteideal páirt a ghlacadh in imeachtaí coiriúla, agus go bhfaighidh siad, gan mhoill, tacaíocht agus cosaint iomchuí le linn gach céime de na himscrúduithe agus na himeachtaí coiriúla, agus aird chuí á tabhairt ar thuairimí, riachtanais, leochaileachtaí sonracha agus ábhair imní an linbh, d'fhonn íospairt thánaisteach a sheachaint.

Leasú 106

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 22 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ar chomhairleoireacht dhlíthiúil, gan mhoill, ag íospartaigh linbh agus, i gcomhréir le ról na n-íospartach sa chóras ábhartha ceartais, rochtain ar ionadaíocht dhlíthiúil lena n-áirítear chun cúiteamh a éileamh. Beidh an chomhairleoireacht dhlíthiúil agus an ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce ***i gcás nach bhfuil acmhainní airgeadais leordhóthanacha ag an íospartach***.	2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ar chomhairleoireacht dhlíthiúil, gan mhoill, ag íospartaigh linbh agus, i gcomhréir le ról na n-íospartach sa chóras ábhartha ceartais, rochtain ar ionadaíocht dhlíthiúil lena n-áirítear chun cúiteamh a éileamh. Beidh an chomhairleoireacht dhlíthiúil agus an ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce***.***

Leasú 107

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 22 –mír 3 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) tabharfar isteach bearta chun teagmháil amhairc idir íospartaigh agus ciontóirí a sheachaint, lena n-áirítear le linn fianaise a thabhairt, trí mhodhanna

	iomchuí lena n-áirítear úsáid na teicneolaíochta cumarsáide;

Leasú 108

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 22 – mír 3 – pointe f a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(fa) déanfar bearta iomchuí chun a áirithiú gur féidir leis an íospartach ar leanbh é a fhianaise a chur in iúl go héifeachtach, lena n-áirítear rochtain ar ateangairí i gcás inar gá;

Leasú 109

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 22 – mír 3 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(g) beidh na scrúduithe leighis a dhéanfar ar an íospartach ar leanbh é chun críocha na n-imeachtaí coiriúla chomh teoranta agus is féidir agus is iad gairmithe atá oilte chuige sin a dhéanfaidh iad.	(g) beidh na scrúduithe leighis a dhéanfar ar an íospartach ar leanbh é chun críocha na n-imeachtaí coiriúla chomh teoranta agus is féidir agus is iad gairmithe atá oilte chuige sin a dhéanfaidh iad***, trí úsáid a bhaint as cuir chuige atá íogair ó thaobh leanaí agus inscne de agus atá feasach ar thráma, agus riachtanais leanaí faoi mhíchumas á gcur san áireamh***.

Leasú 110

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 23 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Áiritheoidh na Ballstáit go n-íocfaidh a n-údaráis inniúla an cúiteamh arna bhreithniú go díreach leis an íospartach gan moill mhíchuí. Beidh na húdaráis inniúla seachaithe maidir le

	ceart an íospartaigh i ndáil leis an gciontóir do mhéid an chúitimh arna bhreithniú.

Leasú 111

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 23 – mír 3 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ar a laghad ***20*** bliain ón dáta a shroich an t-íospartach lán-aois i gcás na gcionta atá inphionóis le téarma príosúnachta 3 bliana ar a laghad faoin Treoir seo;	(a) ***30 bliain ar a laghad ón dáta ar a bhfuil lán-aois slánaithe ag an íospartach i gcás na gcionta atá inphionóis le pionós uasta arb ionann é agus téarma príosúnachta 3 bliana ar a laghad faoin Treoir seo***;

Leasú 112

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 23 – mír 3 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ar a laghad ***25*** bliana ón dáta a shroich an t-íospartach lán-aois i gcás na gcionta atá inphionóis le téarma príosúnachta 5 bliana ar a laghad faoin Treoir seo;	(b) ***35 bliana ar a laghad ón dáta ar a bhfuil lán-aois slánaithe ag an íospartach i gcás na gcionta atá inphionóis le pionós uasta arb ionann é agus téarma príosúnachta 5 bliana ar a laghad faoin Treoir seo***;

Leasú 113

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 23 – mír 3 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) ***ar a laghad 30 bliain ón dáta a shroich an t-íospartach lán-aois*** i gcás na gcionta atá inphionóis le téarma príosúnachta 8 mbliana ar a laghad faoin Treoir seo.	(c) ***ní chuirfear aon tréimhse theorann i bhfeidhm*** i gcás na gcionta atá inphionóis le téarma príosúnachta 8 mbliana ar a laghad faoin Treoir seo.

Leasú 114

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 28 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Chun an t-éileamh a chothaíonn gach cineál teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí a dhíspreagadh agus a laghdú, déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí, amhail oideachas agus oiliúint, feachtais faisnéise agus mhúscailte feasachta maidir leis na hiarmhairtí ar feadh an tsaoil a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí, a neamhdhleathacht, agus an fhéidearthacht go mbeidh rochtain ar chláir idirghabhála atá tiomnaithe agus éifeachtach ag daoine a bhfuil eagla orthu gur féidir go ndéanfaidís cionta gaolmhara .	1. Chun an t-éileamh a chothaíonn gach cineál teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí a dhíspreagadh agus a laghdú, déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí, amhail oideachas agus oiliúint***, lena n-áirítear gnéasoideachas cuimsitheach atá íogair ó thaobh inscne de agus oiriúnach ó thaobh aoise de,*** feachtais faisnéise agus mhúscailte feasachta maidir leis na hiarmhairtí ar feadh an tsaoil a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí, a neamhdhleathacht, agus an fhéidearthacht go mbeidh rochtain ar chláir idirghabhála atá tiomnaithe agus éifeachtach ag daoine a bhfuil eagla orthu gur féidir go ndéanfaidís cionta gaolmhara***, lena n-áirítear tacaíocht shíceolaíoch agus faireachán síceolaíoch, agus rúndacht agus anaithnideacht á háirithiú***.

Leasú 115

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 28 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfaidh na Ballstáit gníomhaíocht iomchuí, lena n-áirítear trí bhíthin an Idirlín, amhail feachtais faisnéise agus feachtais mhúscailte feasachta agus taighde, cláir nó ábhair oideachais agus oiliúna , i gcomhar le heagraíochtaí ábhartha sochaí sibhialta agus le páirtithe leasmhara eile i gcás inarb iomchuí, ar gníomhaíochtaí iad a bheidh dírithe ar an bhfeasacht a mhúscailt agus an riosca go mbeidh leanaí ina n-íospartaigh ag an mí-úsáid ghnéasach nó ag an teacht i dtír gnéasach ***a laghdú***.	2. Déanfaidh na Ballstáit gníomhaíocht iomchuí, lena n-áirítear trí bhíthin an Idirlín, amhail feachtais faisnéise agus feachtais múscailte feasachta agus taighde, cláir nó ábhair oideachais agus oiliúna ***, lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéasachta agus caidrimh atá oiriúnach ó thaobh aoise de, bunaithe ar phrionsabail an chomhionannais inscne, an neamh-idirdhealaithe agus na gceart bunúsach, agus tabharfaidh siad aghaidh, go háirithe, ar ról lárnach an toilithe i***

gcaidrimh ghnéis, agus cuirfidh siad i dtábhacht go láidir nach féidir toiliú a thabhairt go deonach ach amháin mar thoradh ar shaorthoil an duine, i gcomhar le heagraíochtaí ábhartha sochaí sibhialta agus le geallsealbhóirí eile i gcás inarb iomchuí, ar gníomhaíochtaí iad a bheidh dírithe ar an bhfeasacht a mhúscailt***, tacú le leanaí chun foréigean gnéasach a aithint, a gcearta a thuiscint agus, dá bhrí sin,*** an riosca go mbeidh leanaí ina n-íospartaigh ag an mí-úsáid ghnéasach nó ag an teacht i dtír gnéasach ***a laghdú, go fisiciúil nó trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide. Áiritheoidh na Ballstáit go n-ionchorpófar gné na hinscne sa ghníomhaíocht sin, lena dtabharfar aghaidh ar leochaileachtaí sonracha cailíní agus buachaillí i leith cineálacha éagsúla mí-úsáide gnéasaí agus teacht i dtír ghnéasaigh.***

Leasú 116

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 28 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Forbróidh na Ballstáit feachtais agus cláir múscailte feasachta a bheidh dírithe ar leanaí, chun cur leis an eolas go meastar gur cion coiriúil é gnéas neamhthoiliúil, agus cuirfidh siad chun cinn an tuiscint nach mór toiliú a thabhairt go deonach mar thoradh ar shaorthoil duine, ar urraim fhrithpháirteach, agus ar an gceart chun sláine gnéis agus neamhspleáchas coirp. Déanfar an t-ábhar sin a oiriúnú do chumas athraitheach na ndaoine a bhfuil sé dírithe chucu.

Leasú 117

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 28 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Déanfaidh na Ballstáit oiliúint thráthrialta ***a chur chun cinn*** , lena n-áirítear sa cheartas lena dtacaítear le leanaí le haghaidh gairmithe, breithiúna agus oifigigh ar dócha go mbeidh teagmháil acu le híospartaigh na mí-úsáide gnéasaí nó an teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí iad, lena n-áirítear gairmithe cosanta leanaí, dlíodóirí, múinteoirí agus oideachasóirí, breithiúnaí cúirte teaghlaigh, agus póilíní túslíne, ach gan gach oifigeach eile a chur as an áireamh , oiliúint a mbeidh sé d'aidhm aici a chur ar chumas na n-oifigeach sin íospartaigh na mí-úsáide gnéasaí nó an teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí iad nó íospartaigh fhéideartha na mí-úsáide gnéasaí nó an teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí iad a shainaithint agus déileáil leo.	3. Déanfaidh na Ballstáit oiliúint thráthrialta ***speisialaithe a áirithiú agus a éascú***, lena n-áirítear sa cheartas atá fabhrach do leanaí agus ***atá íogair ó thaobh inscne de*** le haghaidh gairmithe, breithiúna agus oifigigh ar dócha go mbeidh teagmháil acu le híospartaigh mí-úsáide gnéasaí nó teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí iad, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, ghairmithe cosanta leanaí, ***dlíodóirí, múinteoirí agus oideoirí i gcúram leanaí agus sláinte***, breithiúnaí cúirte teaghlaigh, agus póilíní túslíne, oiliúint a mbeidh sé d'aidhm léi a chur ar chumas na n-oifigeach sin ***luathchomharthaí mí-úsáide a bhrath***, íospartaigh mí-úsáide gnéasaí nó teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí iad agus íospartaigh fhéideartha mí-úsáide gnéasaí nó teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí iad a shainaithint agus déileáil leo. ***Beidh an oiliúint sin bunaithe ar chearta an duine agus beidh sí íospartach-lárnach agus íogair d'inscne, do mhíchumas agus do leanaí.***

Leasú 118

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 28 – mír 4 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí ***chun feabhas a chur ar chosc an*** mhí-úsáid gnéasaí leanaí i dtimpeallachtaí pobail, lena n-áirítear scoileanna, ospidéil, seirbhísí cúraim shóisialta, clubanna spóirt nó pobail reiligiúnacha.	Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí ***chun a áirithiú go gcuirfear cosc*** ar mhí-úsáid gnéasaí leanaí ***sna timpeallachtaí pobail uile agus sna heagraíochtaí uile a bhfuil a mbaill foirne agus a n-oibrithe deonacha ag obair i ndlúth-theagmháil le leanaí***, lena n-áirítear scoileanna, ospidéil***,*** ***ionaid cúraim lae***, seirbhísí cúraim shóisialta, clubanna spóirt nó pobail reiligiúnacha.

Leasú 119

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 28 – mír 4 – fomhír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) gníomhaíochtaí tiomnaithe oiliúna agus múscailte feasachta le haghaidh ball foirne atá ag obair i ***dtimpeallachtaí den sórt sin***;	(a) gníomhaíochtaí tiomnaithe oiliúna agus múscailte feasachta do bhaill foirne ***agus d'oibrithe deonacha*** atá ag obair ***i ndlúth-theagmháil le leanaí, lena n-áirítear maidir le conas mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc agus a shainaithint agus freagairt a chur ar fáil atá oiriúnach ó thaobh aoise de, inscneíogair agus feasach ar thráma***;

Leasú 120

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 28 – mír 4 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Le bearta coisctheacha tabharfar aird faoi leith ar an ngá atá le leanaí atá an-leochaileach a chosaint, lena n-áirítear leanaí atá faoi mhíchumais mheabhracha nó fhisiciúla.	Le bearta coisctheacha tabharfar aird faoi leith ar an ngá atá le leanaí atá an-leochaileach a chosaint, lena n-áirítear leanaí ***ó mhionlaigh chiníocha agus eitneacha, leanaí i gcomhthéacs na himirce, leanaí LGBTIQ+, leanaí atá ag maireachtáil faoi bhochtaineacht agus*** leanaí atá faoi mhíchumais mheabhracha nó fhisiciúla ***nó atá i staid leochaileach sláinte***.

Leasú 121

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 28 – mír 5 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ca) tacú leo feachtais faisnéise agus múscailte feasachta a fhorbairt.

Leasú 122

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 29 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Gan dochar do chláir idirghabhála nó do bhearta idirghabhála arna bhforchur ag na húdaráis inniúla breithiúnacha faoin dlí náisiúnta, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfar cláir idirghabhála nó bearta idirghabhála atá tiomnaithe agus éifeachtach a chur ar fáil chun cosc a chur ar na rioscaí go ndéanfaí cionta de chineál gnéasach in aghaidh leanaí arís agus chun na rioscaí sin a laghdú. Beidh fáil ar na cláir nó na bearta sin tráth ar bith le linn na n-imeachtaí coiriúla, agus beidh siad ar fáil idir laistigh den phríosún agus lasmuigh de, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.	1. Gan dochar do chláir idirghabhála nó do bhearta idirghabhála arna bhforchur ag na húdaráis inniúla breithiúnacha faoin dlí náisiúnta, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfar cláir idirghabhála nó bearta idirghabhála atá tiomnaithe agus éifeachtach a chur ar fáil chun cosc a chur ar na rioscaí go ndéanfaí cionta de chineál gnéasach in aghaidh leanaí arís agus chun na rioscaí sin a laghdú. Beidh fáil ar na cláir nó na bearta sin tráth ar bith le linn na n-imeachtaí coiriúla, agus beidh siad ar fáil idir laistigh den phríosún agus lasmuigh de, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. ***Spreagfaidh na Ballstáit rannpháirtíocht na gciontóirí sna cláir sin.***

Leasú 123

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 31 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Áireofar sna staitisticí sin na sonraí seo a leanas a bheidh imdhealaithe de réir gnéis, aois an íospartaigh agus an chiontóra, an gaol idir an t-íospartach agus an ciontóir agus cineál an chiona:	2. Áireofar sna staitisticí sin na sonraí seo a leanas a bheidh imdhealaithe ***ar a laghad de réir gnéis/inscne***, aois an íospartaigh agus an chiontóra, an chaidrimh idir an t-íospartach agus an ciontóir agus chineál an chiona ***agus na himthosca géaraitheacha***:

Leasú 124

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 31 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

(b) an líon daoine a ionchúisíodh agus a ciontaíodh i leith na gcionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9, arna fháil ó fhoinsí riaracháin náisiúnta;	(b) an líon ***bliantúil cionta a tuairiscíodh***, daoine a ionchúisíodh agus a ciontaíodh i leith na gcionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9, arna fháil ó fhoinsí riaracháin náisiúnta;

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim go bhfuair sé ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas le linn ullmhú na tuairime:

Eintiteas agus/nó duine
The French Coordination for the European Women's Lobby
ECLAG - Ending Child Sexual Abuse Group

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara don tuairim.

NÓS IMEACHTA – COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Teideal	maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí, teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle (athmhúnlú)
Tagairtí	COM(2024)0060 – C9-0028/2024 – 2024/0035(COD)
An coiste freagrach/na coistí freagracha	LIBE
Tuairim ó Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	FEMM 25.4.2024
Rapóirtéir don tuairim Dáta an cheapacháin	Heléne Fritzon 21.11.2024
Pléite sa choiste	27.1.2025
Dáta an ghlactha	3.3.2025
Toradh na vótála críochnaithí	+: 25 –: 2 0: 4
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Mathilde Androuët, Irmhild Boßdorf, Margarita de la Pisa Carrión, Rosa Estaràs Ferragut, Viktória Ferenc, Heléne Fritzon, Lina Gálvez, Alexandra Geese, Arba Kokalari, Elena Kountoura, Judita Laššáková, Eleonora Meleti, Irene Montero, Carolina Morace, Alessandra Moretti, Maria Noichl, Mirosława Nykiel, Sirpa Pietikäinen, Emma Rafowicz, Benedetta Scuderi, Laurence Trochu, Maria Walsh, Lucia Yar, Dainius Žalimas
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Veronika Cifrová Ostrihoňová, Elisabeth Grossmann, Verena Mertens, Jana Toom, Jadwiga Wiśniewska
Feisirí faoi Riail 216(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Jorge Buxadé Villalba, Bert-Jan Ruissen

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA
SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

25	+
NI	Judita Laššáková
PPE	Rosa Estaràs Ferragut, Arba Kokalari, Eleonora Meleti, Verena Mertens, Mirosława Nykiel, Sirpa Pietikäinen, Maria Walsh
PfE	Mathilde Androuët, Viktória Ferenc
An Grúpa Renew Europe	Veronika Cifrová Ostrihoňová, Jana Toom, Lucia Yar, Dainius Žalimas
S&D	Heléne Fritzon, Lina Gálvez, Elisabeth Grossmann, Alessandra Moretti, Maria Noichl, Emma Rafowicz
An Chlé	Elena Kountoura, Irene Montero, Carolina Morace
Na Glasaigh/SCE	Alexandra Geese, Benedetta Scuderi

2	-
PfE	Jorge Buxadé Villalba, Margarita de la Pisa Carrión

4	0
ECR	Bert-Jan Ruissen, Laurence Trochu, Jadwiga Wiśniewska
ESN	Irmhild Boßdorf

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh